An Roinn Comhshaoil,
Aeráide agus Cumarsáide
Department of the Environment,
Climate and Communications

# Creat Rialachais Chorparáidigh

## Iúil 2023

Arna ullmhú ag an Roinn
Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
**gov.ie**

# Clár Ábhar


Brollach ....................................................................................................................4

Réamhrá....................................................................................................................6

Caibidil 1: Forbhreathnú ar an Roinn ..................................................................................8

1.1 Ár Roinn ................................................................................................................ 8

1.2 Ár gCuid Oibre ......................................................................................................... 9

1.3 An Struchtúr atá ar ár Roinn....................................................................................... 10

Caibidil 2: Bord Bainistíochta, Forbairt Cumais agus Struchtúir eile Rialachais........................17

2.1 Bord Bainistíochta...................................................................................................... 17

2.2 Caidreamh idir na hAirí agus an Bord Bainistíochta ............................................................ 20

2.3 Forbairt Cumais ........................................................................................................ 21

2.4 Foghlaim agus Forbairt ................................................................................................ 22

Caibidil 3: Cultúr, Éiteas, agus Caighdeáin..........................................................................23

3.1 Cultúr agus Luachanna ................................................................................................ 23

3.2 Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú .......................................................................... 24

3.3 Caighdeáin agus Iompraíocht do Státseirbhísigh ................................................................. 25

3.4 Eitic in Oifigí Poiblí .................................................................................................... 27

3.5 Brústocaireacht .......................................................................................................... 28

3.6 Nochtadh Cosanta....................................................................................................... 29

3.7 An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ............................................................... 29

Caibidil 4: Straitéis, Dea-Chleachtas agus Cuntasacht ..........................................................31

4.1 Treo Straitéiseach agus Pleanáil Gnó................................................................................ 31

4.2 Cinnteoireacht agus Grinnscrúdú..................................................................................... 33

4.3 Trédhearcacht agus Cuntasacht ....................................................................................... 35

Caibidil 5: Socruithe Iniúchóireachta, Dearbhaithe agus Comhlíonta .......................................39

5.1 Cistí Poiblí a Choimirciú................................................................................................ 39

5.2 Ról an Rannáin Airgeadais........................................................................................ 39

5.3 Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais ............................................................ 45

5.4 Ról Choiste Iniúchóireachta na Roinne.................................................................. 46

5.5 Ról an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí ............................................................. 46

5.6 Iniúchóireacht Sheachtrach – An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste................................ 47

5.7 An Coiste um Chuntais Phoiblí.............................................................................. 49

5.8 Bainistíocht Riosca ................................................................................................ 49

5.9 Luach ar Airgead ................................................................................................... 51

Caibidil 6: Caidreamh Seachtrach ................................................................................53

6.1 Straitéis um Chaidreamh le Geallsealbhóirí Seachtracha ..................................... 53

6.2 Ár Suíomh Gréasáin agus ár nInlíon...................................................................... 53

6.3 Treoirlínte Brandála ................................................................................................ 54

6.4 Seirbhís do Chustaiméirí ........................................................................................ 54

Caibidil 7: Comhlachtaí atá faoi Choimirce na Roinne Comhshaoil, Aeráide & Cumarsáide.....55

7.1 Creat Rialachais Chorparáidigh do chomhlachtaí atá faoi shainchúram na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ......................................................................... 55

7.2 Rialachas Seachtrach & Formhaoirseacht ar Chomhlachtaí atá faoi Choimirce na Roinne 55

Aguisín 1: Comhlachtaí Stáit atá faoi choimirce na Roinne seo ............................................... 57

# Brollach

Leagtar amach sa doiciméad seo Creat Rialachais Chorparáidigh na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Is doiciméad tábhachtach do gach ball foirne é, ina leagtar amach an dóigh a n-oibrímid sa Roinn seo agus ina dtugtar tuiscint ar na nithe a bhfuiltear ag súil leo ó bhaill foirne le linn dóibh an obair sin a dhéanamh. Tá sé bunaithe ar an gCaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís agus ar phróisis agus cleachtais a bunaíodh laistigh den Roinn araon.

Féachaimid i gcónaí le dea-rialachas a bhaint amach, rud ar cuid dhílis d'oibriú éifeachtach ár Roinne é. Tá ríthábhacht ag baint le dea-rialachas maidir lenár n-oibleagáidí reachtúla agus beartais a chomhlíonadh, maidir lenár gcuspóirí a bhaint amach agus maidir lenár dtosaíochtaí a ghnóthú ar bhealach éifeachtach éifeachtúil. Tá creat struchtúr, beartas agus próiseas ina phríomhuirlis maidir lena chinntiú go mbainimid na torthaí sin amach.  Beidh tábhacht ar leith ag baint leis an gcreat de réir mar a théann ár Roinn i méid. Tá sé riachtanach go dtuigfimis go léir na hoibleagáidí rialachais atá orainn agus go mbeadh na hacmhainní agus na huirlisí riachtanacha againn chun cabhrú linn na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh go héifeachtach.

Tugtar sa Chreat forbhreathnú do bhaill foirne sa Roinn agus dár ngeallsealbhóirí seachtracha ar an dóigh a n-oibrímid agus a mbainimid torthaí amach. Cumhdaítear na nithe seo a leanas ann:

- **Forbhreathnú ar an Roinn agus struchtúr eagraíochta**
- **Cultúr, éiteas agus caighdeáin**
- **Straitéis, dea-chleachtas agus cuntasacht**
- **Bord Bainistíochta, forbairt cumais agus struchtúir eile rialachais**
- **Socruithe iniúchóireachta, dearbhaithe agus comhlíonta**
- **An dóigh a mbainistímid caidreamh seachtrach**
- **An caidreamh rialachais lenár ngníomhaireachtaí**

Tá an Creat seo ina chuid lárnach dár samhail oibriúcháin.  Oibrítear é i dteannta na dtacaíochtaí agus na treorach atá ann cheana maidir le beartais agus próisis. Leanfar le hathbhreithniú a dhéanamh ar na tacaíochtaí agus an treoir sin, agus breithniú á dhéanamh ar a iomchuí atá siad, ar a inrochtana atá siad, ar an ngá atá ann le hiad a bheith digiteach ar

dtús agus ar na riachtanais atá ag ár bhfoireann mhéadaitheach. Tá obair ar siúl i roinnt réimsí ina leith sin, lena n-áirítear tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ár gcreat soláthair straitéisigh, Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a bhfuil díriú inmheánach agus seachtrach aici a fhoilsiú, agus athbhreithniú a dhéanamh ar chultúr ár Roinne agus ar an sainmhíniú ar na luachanna agus na hiompraíochtaí gaolmhara ar cuid den Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide iad. Tá sraith treoracha á cur i bhfeidhm againn freisin chun cabhrú le príomhchúraimí a chur i gcrích le linn ár ngnáthghnó laethúil agus chun a chinntiú ag an am céanna go mbaintear dea-rialachas amach agus go gcloítear le próisis chomhaontaithe.

Coinneofar an Creat faoi athbhreithniú tráthrialta agus nuashonrófar é chun aon athruithe ar ár socruithe rialachais a léiriú.

**Dáta: 5 Iúil 2023**

# Réamhrá

## Cad is Rialachas Corparáideach ann?

Is féidir Rialachas Corparáideach a thuairisciú mar 'an córas rialacha, prionsabal agus próiseas trína ndéantar eagraíochtaí a stiúradh agus a rialú'.

Mar Roinn Rialtais, tá ríthábhacht ag baint le dea-rialachas corparáideach maidir lena chinntiú go gcomhlíonaimid an raon leathan oibleagáidí dlíthiúla agus rialála atá orainn i gcomhthéacs cuntasacht aireachta agus pharlaiminte. Tugann dea-rialachas soiléire i ndáil le húdarás agus freagracht agus tacaíonn sé le cinnteoireacht éifeachtach freisin.

Tá feidhm ag dea-rialachas maidir leis an bhfoireann agus an lucht bainistíochta ar fad.

### Cuspóir agus Raon Feidhme an doiciméid seo

Tá an doiciméad seo ina threoir do gach ball foirne a oibríonn inár Roinn agus dár ngeallsealbhóirí maidir leis an obair a dhéanaimid, leis an dóigh a ndéanaimid an obair sin agus leis an leagan amach atá orainn. Tugtar sa Chaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís creat chun Ranna a threorú le linn dóibh a gcreat rialachais chorparáidigh a fhorbairt. Ullmhaíodh an doiciméad seo bunaithe ar an treoir sin agus ar aon dul leis na cúig phrionsabal um dhea-rialachas atá inti, is iad sin:

- cumas na Roinne a fhorbairt, lena n-áirítear inniúlacht na foirne ceannaireachta, an lucht bainistíochta agus na mball foirne;
- tacú le cultúr agus éiteas a chinntíonn iompraíocht le hionracas, tiomantas láidir do luachanna eiticiúla, agus meas ar an dlí;
- tosaíochtaí agus torthaí a shainiú i ndáil le tairbhí inbhuanaithe eacnamaíocha agus sochaíocha agus chun a chinneadh cé na beartais agus na hidirghabhálacha is gá chun na tosaíochtaí agus na torthaí sin a bhaint amach ar an mbealach is fearr is féidir. Is é atá i gceist leis dea-chleachtais a chur chun feidhme ó thaobh trédhearcachta, tuairiscithe, cumarsáide, iniúchóireachta agus grinnscrúdúcháin de ar mhaithe le cuntasacht a sholáthar;

- rioscaí agus feidhmíocht a bhainistiú trí chórais láidre rialaithe inmheánaigh agus trí chleachtais éifeachtacha bhainistíochta feidhmíochta; agus
- oscailteacht, próisis éifeachtacha chomhairliúcháin phoiblí agus caidreamh cuimsitheach le geallsealbhóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta a chinntiú.

# Caibidil 1: Forbhreathnú ar an Roinn

## 1.1 Ár Roinn

Tá breis agus 600 ball foirne ag ár Roinn ar fud láithreacha difriúla oifige i mBaile Átha Cliath, i Loch Garman agus ar an gCabhán. Tá raon éagsúil taithí agus saineolais ag ár mbaill foirne agus tá díograis agus tiomantas acu go léir do sheirbhís phoiblí. Ní hé amháin go bhfuil an éagsúlacht sin le feiceáil sa chineál oibre a dhéanaimid ar fud roinnt earnálacha difriúla, ach tá sí le feiceáil freisin sa dóigh a gcuirimid an obair sin i gcrích. Táimid freagrach as forbairt beartais, as cur chun feidhme clár, as rialáil agus forfheidhmiú, as obair oibríochtúil allamuigh, as bainistíocht conartha, as comhlíonadh agus as formhaoirseacht rialachais.

Le roinnt blianta anuas, thuairiscíomar an domhan ina n-oibrímid mar cheann atá éiginnte. Breithníodh athruithe domhanda geopholaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta agus cuireadh san áireamh iad le linn straitéisí roimhe a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Ní rabhthas ag coinne le paindéim dhomhanda agus leis na tionchair ghearrthéarmacha, mheántéarmacha agus fhadtéarmacha a bheadh aici ar ár saol. Géaraíodh ar na rioscaí a bhaineann le soláthairtí slána inbhuanaithe fuinnimh de dheasca an chogaidh san Úcráin agus de dheasca smachtbhannaí ar an soláthar ón Rúis, rud ba chúis le suaitheadh suntasach praghsanna ar mhargaí domhanda fuinnimh. Taispeánadh leochaileacht na hÉireann i leith cibirionsaithe go lom leis an ionsaí ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Ba léir ár n-athléimneacht eagraíochtúil agus ár gcumas chun dul i dtaithí ar chúrsaí agus chun leanúint dár dtosaíochtaí a chomhlíonadh ó fhreagairt na Roinne do na géarchéimeanna sin. A bhuí leis an eispéireas sin, tá muinín mhór againn as ár gcumas chun freagairt don éiginnteacht agus d'athruithe agus chun an méid sin a bhainistiú.

Le linn dúinn ár sainordú a chomhlíonadh, faighimid tacaíocht ó 14 Chomhlacht Stáit, mar atá leagtha amach i gCaibidil 7, a chuimsíonn roinnt príomhchomhlachtaí tráchtála, neamhthráchtála agus rialála, a imríonn ról ríthábhachtach i bhfís an Rialtais d'Éirinn a chomhlíonadh.

Bunaithe ar na luachanna atá leagtha amach i Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030 agus ar thiomantas do chearta an duine, do chomhionannas agus do fhrith-idirdhealú, tá an Roinn, le linn di déileáil le baill foirne, le geallsealbhóirí agus le saoránaigh, tiomanta d'éiteas

na seirbhíse poiblí um neamhspleáchas, ionracas, neamhchlaontacht, comhionannas, cothroime agus meas.

## 1.2 Ár gCuid Oibre

Úsáideadh Clár an Rialtais – Ár dTodhchaí Chomhroinnte chun tionchar a imirt ar an obair a dhéanaimid agus chun an obair sin a mhúnlú. Tá an uaillmhian atá leagtha amach ag an Rialtas léirithe san fhís atá againn le haghaidh Éire a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de, inbhuanaithe agus nasctha ón taobh digiteach de.

Mar atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise – Le Chéile 23, is é an misean atá againn beartais agus cláir a sholáthar ar bhealach comhoibríoch chun daoine, pobail agus gnólachtaí a chumhachtú leanúint leis an aistriú i dtreo saol níos fearr do ghlúine reatha agus amach anseo. Cinntíonn an misean sin go nglacaimid ról ceannaireachta i leith forbairt agus cur chun feidhme a dhéanamh ar na beartais agus na cláir a theastaíonn chun leas iomlán a bhaint as an acmhainneacht eacnamaíoch agus cruthú post atá ag geilleagar aeráidneodrach i réimsí amhail iarfheistiú, fuinneamh inathnuaite, úsáid inbhuanaithe acmhainní, soghluaisteacht ghlan agus an bithgheilleagar.

Tá ríthábhacht ag baint le líonraí teileachumarsáide ardluais agus láidre a sholáthar maidir le forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch agus shóisialta. Chonacthas le linn na paindéime a thábhachtaí atá nascacht dhigiteach ardacmhainne agus iontaofa chun a chinntiú gur féidir le daoine, pobail agus gnólachtaí ar fud na hÉireann leas a bhaint as na deiseanna a ghabhann leis an ngeilleagar digiteach, lena n-áirítear cianobair, oideachas, cúram sláinte, feirmeoireacht agus forbairt tuaithe. Tá sé sin léirithe inár Ráiteas Straitéise, ina sainaithnítear nascacht den chéad scoth mar cheann amháin de na príomhnithe a chumasóidh todhchaí níos cuimsithí agus níos inbhuanaithe.

Tá rún daingean againn obair i gcomhpháirt ar fud an Rialtais chun ár spriocanna straitéiseacha a chur ar aghaidh agus chun tacú le Ranna eile tosaíochtaí trasnaí Rialtais a chomhlíonadh. Ár gcaidreamh comhoibríoch le rialálaithe, leis an rialtas áitiúil, le gnólachtaí, leis an tsochaí shibhialta agus le saoránaigh, tá sé ríthábhachtach maidir leis an bhfís atá againn a bhaint amach, is é sin: Éire a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de, inbhuanaithe agus nasctha ón taobh digiteach de.

Tá tuilleadh faisnéise faoi Le Chéile 23 leagtha amach i gCaibidil 4.

## 1.3 An Struchtúr atá ar ár Roinn

Tá struchtúr eagraíochta na Roinne mar a leanas:

### Aire

Ar aon dul leis an Acht um Airí agus Rúnaithe, 1924, arna leasú, tá Eamon Ryan TD, mar Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, freagrach as cur chun feidhme a dhéanamh ar na beartais Rialtais a thagann faoi shainchúram na Roinne seo agus tá sé cuntasach do Dháil Éireann i riarachán éifeachtach na Roinne.  Glacann an tAire, mar chomhalta den Rialtas, páirt i gcruinnithe Rialtais ag a gcuireann sé tograí reachtacha agus beartais ón Roinn faoi bhráid an Rialtais lena gcinneadh aige nó lena dtabhairt faoi deara aige. Tugann an tAire freagra don Dáil agus don Seanad trí mhodhanna éagsúla, lena n-áirítear ceisteanna parlaiminte, gnó comhaltaí príobháideacha, lena n-áirítear billí, díospóireachtaí ar shaincheisteanna tráthúla, nithe i dtosach suí, agus trí pháirt a ghlacadh i gCoistí Oireachtais. Tá an tAire ina chomhalta de gach ceann deich gChoiste Comh-Aireachta . Déanann an tAire ionadaíocht do Rialtas na hÉireann i gComhairlí iomchuí de chuid an Aontais Eorpaigh agus ag fóraim idirnáisiúnta eile freisin.

**Cad is Ceist Pharlaiminte ann?** Is é is ceist pharlaiminte ann ná ceist a chuireann Comhalta den Dáil ar Aire chun faisnéis nó soiléiriú a lorg ar bheartas rialtais nó ar nithe a bhaineann leis an dóigh a riartar Ranna Rialtais. Féadfar freagra i scríbhinn nó freagra ó bhéal sa Dáil a iarraidh sa cheist. Tá treoir do bhaill foirne ar fáil ar ár gCóras ríomh-Cheisteanna Parlaiminte.

**Cad is Díospóireachtaí ar Shaincheisteanna Tráthúla agus Nithe i dTosach Suí ann?** Ar lá suí den Dáil agus den Seanad, féadfaidh TDanna agus Seanadóirí nithe a tharraingt anuas agus ceisteanna a chur ar an Aire i ndáil le hobair na Roinne. Tugtar Díospóireachtaí ar Shaincheisteanna Tráthúla ar na nithe sin sa Dáil agus tugtar Nithe i dTosach Suí orthu sa Seanad.

## Aire Stáit

Rinne an Rialtas beirt Airí Stáit – Ossian Smyth TD agus Jack Chambers TD – a cheapadh chuig an Roinn seo tar éis don Taoiseach iad a ainmniú. Rinneadh feidhmeanna reachtúla an Aire Ryan i ndáil le cumarsáid, cibearshlándáil, dícharbónú na hearnála poiblí, éifeachtúlacht fuinnimh agus nithe geilleagair chiorclaigh a tharmligean chuig an Aire Stáit Smyth le I.R. Uimh. 252 de 2023 – An tOrdú Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (Feidhmeanna Aire a Tharmligean), 2023. Rinneadh feidhmeanna neamhreachtúla an Aire i ndáil leis an mbeartas poist agus Éirchód a tharmligean chuig an Aire Stáit Chambers ar bhonn riaracháin. I dteannta na bhfeidhmeanna tarmligthe sin, féadfaidh an tAire iarraidh ar cheachtar Aire Stáit ionadaíocht a dhéanamh dó ar ghnó Oireachtais, amhail díospóireachtaí ar reachtaíocht nó chun déileáil le ceisteanna parlaiminte, le díospóireachtaí ar shaincheisteanna tráthúla nó le nithe i dtosach suí, agus freastal ar chruinnithe de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) agus ar chruinnithe eile.

## Ard-Rúnaí

Is í an tArd-Rúnaí, Oonagh Buckley, an ceann neamhpholaitiúil ar an Roinn. Tá sí ina chathaoirleach ar Bhord Bainistíochta na Roinne, a sholáthraíonn ceannaireacht maidir le gnáthbhainistíocht laethúil agus pleanáil agus treo neamhpholaitiúil straitéiseach na Roinne. Tá údarás, freagracht agus cuntasacht Ard-Rúnaithe leagtha amach san Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997.

Tá an tArd-Rúnaí cuntasach don Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ina dualgais mar cheann státseirbhíse na Roinne a chomhlíonadh. Is í an príomhchomhairleoir beartais don Aire agus tá sé freagrach as comhairle neamhspleách a thairiscint d’Airí agus d’Airí Stáit ar raon leathan saincheisteanna a bhaineann leis an Roinn.

Is í an tArd-Rúnaí an tOifigeach Cuntasaíochta freisin, agus tá sí freagrach as na cistí atá faoi rialú ag an Roinn a choimirciú, as a chinntiú go mbaintear úsáid bharainneach éifeachtúil as acmhainní agus go bhfuil córais chuí, cleachtais chuí agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá oibríochtaí na Roinne.

**Cad is Oifigeach Cuntasaíochta ann?** I bhformhór na gcásanna, is é an tOifigeach Cuntasaíochta an tArd-Rúnaí ar Roinn Rialtais nó an Ceann ar Oifig nó Comhlacht (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Stiúrthóir, Cathaoirleach, etc.) a dtagann a cistiú nó a chistiú ón Oireachtas. Tá Oifigeach Cuntasaíochta freagrach as na cistí atá faoi rialú ag a Roinn/a Oifig/a Chomhlacht a choimirciú.Síníonn an tOifigeach Cuntasaíochta cuntais bhliantúla na Roinne/na hOifige/an Chomhlachta.

Tá an tArd-Rúnaí ina comhalta de Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse, a chuimsíonn na hArd-Rúnaithe agus na Cinn Oifige go léir. Agus é faoi chathaoirleacht ag Ard-Rúnaí an Rialtais, déanann an Bord formhaoirseacht ar chur chun feidhme na dtosaíochtaí atá leagtha amach i Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030.

## Bord Bainistíochta

Cuimsíonn an Bord Bainistíochta an tArd-Rúnaí (Cathaoirleach), Stiúrthóir an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála agus seachtar Rúnaithe Cúnta atá i gceannas ar na réimsí earnála sa Roinn. Is fóram cinnteoireachta agus comhairleach é, a sholáthraíonn ceannaireacht maidir le gnáthbhainistíocht laethúil agus pleanáil agus treo neamhpholaitiúil straitéiseach na Roinne. Oibríonn an Bord Bainistíochta de réir na bprionsabal um rannpháirtíocht chomhroinnte agus um fhreagracht chomhchoiteann as soláthar ag an Roinn ar fad.  Tá mionsonraí breise faoi ról agus oibriú an Bhoird Bainistíochta leagtha amach i gCaibidil 2.

## Stiúrthóir an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála agus Rúnaithe Cúnta

Faigheann an tAire agus an tArd-Rúnaí tacaíocht ó Stiúrthóir an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála agus ón seachtar Rúnaithe Cúnta chun tosaíochtaí gnó na Roinne a chomhlíonadh.

Is í an tArd-Rúnaí a shannann freagrachtaí na foirne sin faoi láthair, mar atá leagtha amach sa tábla thíos.

**Stiúrthóir an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála – Richard Browne**

- Cibearshlándáil

**Paul Bolger, Rúnaí Cúnta – Slándáil an tSoláthair Fuinnimh, Margaí agus Beartas Fuinnimh Miondíola**

- Beartas Gáis Mórdhíola, Slándáil an tSoláthair Gáis agus Sábháilteacht Gáis
- Beartas Leictreachais Mórdhíola agus Slándáil an tSoláthair Leictreachais
- Beartas agus Rialáil Fuinnimh Miondíola
- Bainistíocht Éigeandála Slándála Fuinnimh
- Slándáil an tSoláthair Ola agus Comhordú Éigeandála

**Brian Carroll, Rúnaí Cúnta – Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol**

- An Rannán Beartais um Aercháilíocht, Radaíocht, Torann agus Gnóthaí AE agus Idirnáisiúnta
- Caidreamh agus Oiriúnú
- An tAonad Taighde agus Comhairleach Comhshaoil agus Aeráide
- An Comhshaol agus Soláthar an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide
- Aistriú Cóir agus Beartais Earnála
- Úsáid Talún agus Beartas Earnála

**Matt Collins, Rúnaí Cúnta – Leictreachas Inathnuaite, Hidrigin agus Eangacha**

- Beartas maidir le Hidrigin, agus Líonraí agus Córais Leictreachais
- Fuinneamh Idirnáisiúnta agus Amach ón gCósta
- Fuinneamh Amach ón gCósta – Timpeallacht agus Toiliú
- Fuinneamh Amach ón gCósta – Pleanáil Straitéiseach Fhadtéarmach
- Leictreachas Inathnuaite

**Lisa Keyes, Rúnaí Cúnta – Gnóthaí Corparáideacha agus Forbairt Straitéiseach**

- An Rannán Airgeadais
- Acmhainní Daonna Straitéiseacha
- Seirbhísí Comhairleacha Gairmiúla Lárnacha
- An tAonad Cur Chun Feidhme Straitéiseach

- An Oifig Oibríochtaí Corparáideacha
- Rialachas Corparáideach, an beartas poist san áireamh
- An Rannán um an Timpeallacht Oibre, Claochlú Digiteach agus Slándáil Sonraí
- Cosaint Sonraí
- Seirbhísí Corparáideacha
- Cumarsáid agus Caidreamh leis na Meáin
- Oifig an Aire/na nAirí Stáit
- An tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí
- An Rannán Rialachais Chorparáidigh Inmheánaigh

**Philip Nugent, Rúnaí Cúnta – Cosaint an Chomhshaoil, an Geilleagar Ciorclach agus Rialachas**

- An Oifig Rialála Geo-eolaíochta
- An Rannán Beartais Geo-eolaíochta
- Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann (GSI)
- An Rannán Iascaigh Intíre
- An Geilleagar Ciorclach - Bainistíocht Ábhar
- An Geilleagar Ciorclach - Beartas Straitéiseach
- An Rannán Comhairleach Pleanála
- An Rannán Beartais Comhshaoil
- Bainistíocht Dramhaíola

**Patrick Neary, Rúnaí Cúnta – Cumarsáid**

- Éirchód
- An Rannán Beartais agus Rialála Teileachumarsáide
- An Straitéis Náisiúnta Dhigiteach agus Conarthaí Margaidh Teileachumarsáide
- An Plean Náisiúnta Leathanbhanda
- Oifig an Phríomhoifigigh Theicniúil
- An Rannán Cibearshlándála

**Barry Quinlan, Rúnaí Cúnta – Éifeachtúlacht Fuinnimh – Iarfheistiú na Timpeallachta Tógtha agus Beartas Teasa**

- Cláir Fuinnimh, Feidhmíocht agus Soláthar
- Beartas Teasa
- Éifeachtúlacht Fuinnimh na hEarnála Poiblí agus an Lucht Gnó
- Caidreamh maidir le Fuinneamh agus Comhordú Náisiúnta Fuinnimh
- Éifeachtúlacht Fuinnimh Chónaithe
- Comhairle Theicniúil Fuinnimh

## Príomhoifigeach agus Coibhéisí (Ceann Feidhme)

Is ar leibhéal an Phríomhoifigigh nó a choibhéise a shanntar an fhreagracht as gníomhú mar Cheann Feidhme, a thuairiscíonn go díreach do Stiúrthóir an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála nó do Rúnaí Cúnta iomchuí chun gnó rannáin a sholáthar, chun acmhainní rannáin a bhainistiú go héifeachtach agus chun páirt a ghlacadh i struchtúir ardbhainistíochta agus rannchuidiú go gníomhach leo. Tá faisnéis bhreise faoi struchtúr ardbhainistíochta na Roinne leagtha amach sa Rannán Cé a Dhéanann Cad.

## Baill Foirne

Tá meascán de ghráid ghinearálta agus theicniúla státseirbhíse ag an Roinn. Tá sainbhaill foirne aici freisin, lena n-áirítear i réimsí na cumarsáide, na haeráide, na cibearshlándála, na heacnamaíochta, na suirbhéireachta geolaíochta, an airgeadais agus an dlí.

## Comhairleoirí Speisialta don Aire nó don Aire Stáit

Tá na comhairleoirí speisialta mar a leanas:

| Aire | Comhairleoir | Ról |
|---|---|---|
| Eamon Ryan | Paul Kenny | Comhairleoir Beartais |
| | John McDonald | Comhairleoir Beartais |
| | Edel Hackett | Comhairleoir Preasa |
| Jack Chambers | Shane Smyth | Comhairleoir Beartais |

Is é ról an Chomhairleora Speisialta cúnamh a thabhairt don Aire nó don Aire Stáit trí chomhairle a sholáthar agus trí fhaireachán a dhéanamh ar ghnóthú cuspóirí Rialtais a bhaineann leis an Roinn, agus trí ghnóthú na gcuspóirí sin a éascú agus a áirithiú, agus cibé feidhmeanna eile a ordóidh an tAire a chomhlíonadh. Déantar Comhairleoirí Speisialta don Aire nó don Aire Stáit a cheapadh chuig an Roinn ar feadh théarma oifige an Aire sin sa Roinn.

Tuairiscíonn Comhairleoirí Speisialta go díreach don Aire nó don Aire Stáit. Níl siad mar chuid de chóras bainistíochta líne na Roinne. Dá bhrí sin, níl aon ról acu maidir le gnáthoibríochtaí laethúla agus gnáthriarachán laethúil na Roinne.

## An caidreamh idir an tAire, na hAirí Stáit agus an Roinn

Tá ríthábhacht ag baint leis an gcaidreamh idir an tAire agus an Roinn maidir leis na socruithe rialachais sa Roinn. Tá na príomh-chomhpháirteanna den chaidreamh rialachais idir an tAire agus an Roinn mar a leanas:

- teagmháil thráthrialta idir an tArd-Rúnaí, Stiúrthóir an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála, na Rúnaithe Cúnta agus an lucht ardbhainistíochta agus an tAire, na hAirí Stáit agus Comhairleoirí Speisialta ar shaincheisteanna beartais agus ar shaincheisteanna eile. Déantar an teagmháil sin go rialta mar chuid de Chreat Soláthair Straitéisigh na Roinne, mar atá leagtha amach i gCaibidil 3, nó de réir mar is gá i ndáil le nithe sonracha;
- cruinnithe foirmiúla idir na hAirí agus an Bord Bainistíochta, ar cruinnithe iad a thionóltar go tráthrialta; agus
- an próiseas foirmiúil cinnteoireachta agus ceadúcháin Aireachta a sheoltar trí ríomh-Aighneachtaí, mar atá leagtha amach i gCaibidil 3.

# Caibidil 2: Bord Bainistíochta, Forbairt Cumais agus Struchtúir eile Rialachais

**Prionsabal Rialachais: Is é atá i gceist le dea-rialachas cumas na Roinne a fhorbairt, lena n-áirítear inniúlacht na foirne ceannaireachta, an lucht bainistíochta agus na mball foirne.**

## 2.1 Bord Bainistíochta

Mar atá luaite i gCaibidil 1, oibríonn an Bord Bainistíochta de réir na bprionsabal um rannpháirtíocht agus freagracht chomhroinnte i ndáil le tacaíocht a thabhairt don Aire/Aire Stáit agus i ndáil le ceannaireacht straitéiseach agus oibríochtúil a thabhairt don Roinn ar fad. Chun déanamh amhlaidh, is gá do na comhaltaí den Bhord Bainistíochta gníomhú chun leas na Roinne ina hiomláine agus, dá bhrí sin, mórdhearcadh corparáideach a ghlacadh i leith saincheisteanna, mar aon le dearcadh earnála.

### Ról an Bhoird Bainistíochta

Le linn dó treo straitéiseach a sholáthar agus formhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht na Roinne nó í a stiúradh, is iad seo a leanas na nithe a bhíonn i gceist le ról an Bhoird Bainistíochta, i measc nithe eile:

1. Tacú le Ráiteas Straitéise na Roinne a fhorbairt agus an Straitéis a athbhreithniú de réir mar is gá;
2. Tacú leis an Aire/Aire Stáit trí chomhairle atá comhordaithe, tráthúil agus ar ardchaighdeán a éascú ar nithe straitéiseacha;
3. A chinntiú go gcomhlíontar na spriocanna/na gníomhartha atá leagtha amach i gClár an Rialtais - Ár dTodhchaí Chomhroinnte, inár Ráiteas Straitéise – Le Chéile 23 agus sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030, agus na tosaíochtaí comhaontaithe bliantúla atá ag an Roinn, mar atá leagtha amach sna Pleananna Soláthair Príomhghníomhartha Straitéiseacha agus i bpleananna gnó rannáin;

4. Sainaithint agus breithniú a dhéanamh ar athruithe sa timpeallacht sheachtrach a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chuspóirí na Roinne a chomhlíonadh, lena n-áirítear iad sin a bhfuil sainchúram trasearnála agus tras-Roinne orthu;
5. Sainaithint agus breithniú a dhéanamh ar aon saincheisteanna suntasacha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chumas meántéarmach nó inniúlacht mheántéarmach na Roinne nó ar rioscaí suntasacha dá cuspóirí a chomhlíonadh, mar aon le mionsonraí faoi ghníomhartha maolaitheacha atá beartaithe nó a rinneadh;
6. An leithdháileadh acmhainní (acmhainní foirne, cistiú) a chomhaontú chun tosaíochtaí na Roinne a léiriú;
7. Breithniú a dhéanamh ar aon nithe a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don luach dílseánaigh nó don luach ar airgead a bhaineann an Roinn amach ina cuid gnó;
8. Formhaoirseacht a dhéanamh ar Phlean Athnuachana na Státseirbhíse agus ar an dóigh a ndéantar tosaíochtaí corparáideacha na Roinne a cheadú agus a chur in iúl;
9. Obair chun a chinntiú go bhfuil luachanna agus iompraíochtaí gaolmhara na Roinne le feiceáil i soláthar éifeachtach ár gcuid clár;
10. A chinntiú go bhfuil struchtúr éifeachtach cumarsáide i bhfeidhm laistigh den Roinn agus le geallsealbhóirí seachtracha, lena n-áirítear an rannchuidiú a dhéanann an Roinn le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a léiriú;
11. A chinntiú go nglactar cur chuige atá infheicthe, comhleanúnach agus comhghleacúil i leith caidreamh agus cumarsáid le geallsealbhóirí seachtracha ar thosaíochtaí trasearnála agus tras-Roinne;
12. A chinntiú go ndéantar oibleagáidí comhlíonta chorparáidigh (e.g., soláthar poiblí, saoráil faisnéise, bainistíocht airgeadais, pleanáil gnó, bainistíocht feidhmíochta, bainistíocht riosca, rialachas gníomhaireachtaí, etc.) a chur in iúl agus a chur i gcrích go héifeachtach ar fud na Roinne.

## Cruinnithe an Bhoird Bainistíochta

Is gnách go dtagann an Bord Bainistíochta le chéile maidin Dé Máirt. Ceistíonn an Bord Bainistíochta na míreanna atá á bplé, agus déanann sé scrúdú criticiúil orthu, ar bhonn Roinne uile seachas ar bhonn earnála nó rannáin.

Ceadaíonn an tArd-Rúnaí gach Clár Oibre. Féadfaidh comhaltaí den Bhord Bainistíochta míreanna a chur chun tosaigh lena mbreithniú don Chlár Oibre trí theagmháil a dhéanamh

le Rúnaí Príobháideach an Ard-Rúnaí. Scaiptear an Clár Oibre agus páipéir do chruinniú an Bhoird Bainistíochta ar an Déardaoin roimh an gcruinniú ar an Máirt.

Ó am go ham, féadfaidh an Bord Bainistíochta cuireadh a thabhairt do chomhghleacaithe freastal ar an gcruinniú chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- an t-eolas is deireanaí a thabhairt ar phríomh-shaincheisteanna straitéiseacha agus oibríochtúla
- faisnéis a thabhairt don Bhord Bainistíochta faoi phríomhthograí d'fhonn ceadú a fháil ina leith
- sainaithint a dhéanamh ar réimsí ina gcabhróidh tacaíocht ón mBord Bainistíochta le príomhchúraimí a chur ar aghaidh

Táthar ag súil leis go bhfreastalóidh comhghleacaithe ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta nuair a thugtar cuireadh dóibh freastal orthu. Tá Treoir Inmheánach ar fáil do chomhghleacaithe chun cabhrú leo ullmhú do chruinnithe an Bhoird Bainistíochta agus freastal ar na cruinnithe sin. Leagtar amach sa treoir sin conas mír a chur ar an gclár oibre, cé na páipéir a cheanglófar agus cén uair a cheanglófar na páipéir sin a sholáthar agus cé na nithe a tharlóidh ag an gcruinniú.

**Áirítear iad seo a leanas leis na topaicí lena mbreithniú ag an mBord Bainistíochta:**

- Tá **an t-eolas seachtainiúil is deireanaí** ar ghnó an Aire, an Rialtais, na gCoistí Comh-Aireachta (agus Grúpaí gaolmhara Oifigeach Sinsearach) agus an Oireachtais ina bhuanmhír ar chlár oibre an Bhoird Bainistíochta. Scaiptear Tuarascáil Sheachtainiúil ar an Eolas is Deireanaí ar an mBord Bainistíochta roimh ré chun díospóireacht a éascú. Leagtar amach sa Tuarascáil freisin mionsonraí faoi chaidreamh leis na meáin, faoi chomhairliúcháin atá ar oscailt agus faoi rannpháirtíocht comhghleacaithe i ngnó AE agus Idirnáisiúnta.

- Tugtar sa **Chreat Soláthair Straitéisigh**, mar atá leagtha amach i gCaibidil 4, díriú lárnach don díospóireacht a dhéanann an Bord Bainistíochta ar ár bPríomhghníomhartha Straitéiseacha. Tar éis don Bhord pleananna soláthair a cheadú i dtús na bliana, freastalaíonn treoraithe príomhghníomhartha straitéiseacha go tráthrialta ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta chun tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn ar a bPlean Soláthair Príomhghníomhartha Straitéiseacha féin. Tionóltar

an cruinniú sin roimh an gcruinniú Aireachta maidir le Príomhghníomhartha Straitéiseacha.  Mar aon le haird a tharraingt ar dhul chun cinn, ar shaincheisteanna agus/nó ar rioscaí ó thaobh soláthair de, féadfaidh treoraithe príomhghníomhartha straitéiseacha tacaíocht a iarraidh ón mBord, nuair is gá. Is trí dheaiseanna uathoibrithe agus trí Blueprint, ár n-uirlis bainistíochta tionscadal, a thugtar na tuairiscí uile don Bhord Bainistíochta ar Phríomhghníomhartha Straitéiseacha.

- Lasmuigh den díospóireacht thráthrialta ar Phríomhghníomhartha Straitéiseacha, féadfaidh an Bord breithniú a dhéanamh freisin ar **shaincheisteanna beartais, ar chláir agus ar reachtaíocht** ar leith, de réir mar is gá.

- Breithníonn an Bord **míreanna tréimhsiúla**, amhail na meastacháin bhliantúla, ár dtuarascáil bhliantúil, an ráiteas straitéise, an clár reachtach, an sceideal do Mheabhráin don Rialtas, agus nithe dlíthiúla.

- Breithnítear **nithe corparáideacha** go tráthrialta, lena n-áirítear nithe acmhainní daonna, acmhainniú, airgeadas, bainistíocht riosca, iniúchóireacht, rialachas comhlachtaí stáit, lena n-áirítear folúntais bhoird, agus nithe eagraíochtúla eile.

Ceadaítear na miontuairiscí ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta ag an gcéad chruinniú eile agus foilsítear ar Inlíon na Roinne iad.

## 2.2 Caidreamh idir na hAirí agus an Bord Bainistíochta

I dteannta an chaidrimh thráthrialta idir an lucht bainistíochta agus na hAirí, tionóltar cruinnithe foirmiúla idir na hAirí agus an Bord Bainistíochta ar bhonn tráthrialta, áit ar féidir leis an lucht ardbhainistíochta agus leis na hAirí an clár oibre gnó a bhainistiú agus a phlé. Déanann an tAire cathaoirleacht ar na cruinnithe sin, ar lena linn a dhéantar athbhreithniú domhain ar an dul chun cinn ar thosaíochtaí Chlár an Rialtais agus a thugtar forbhreathnú ar phríomhghnéithe den chreat soláthair straitéisigh, ar phríomhthosaíochtaí eile de chuid na Roinne, ar shaincheisteanna tábhachtacha “beo”, ar nithe Preasa/cumarsáide agus ar aon nithe bainistíochta Roinne is iomchuí maidir le dul chun cinn a dhéanamh ar thosaíochtaí. Breactar miontuairiscí ar na príomh-shaincheisteanna a phléitear agus ar na príomhchinntí a dhéantar ag cruinnithe idir na hAirí agus an Bord Bainistíochta. Freastalaíonn na daoine seo a leanas ar na cruinnithe sin:

- An tAire
- Ard-Rúnaí
- Airí Stáit
- Stiúrthóir an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála
- Rúnaithe Cúnta
- Comhairleoirí na nAirí
- Preasoifigeach
- Oifigeach Airgeadais nó oifigigh shinsearacha eile, nuair is gá

I dteannta na gcruinnithe idir na hAirí agus an Bord Bainistíochta, buaileann an tAire go tráthrialta leis na comhaltaí den fhoireann Ardbhainistíochta (Rúnaithe Cúnta agus Cinn Feidhme) a bhfuil freagracht orthu as gach Plean Soláthair Príomhghníomhartha Straitéiseacha chun athbhreithniú domhain a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar sholáthar.

## 2.3 Forbairt Cumais

Is é **Ag Obair le Chéile** an straitéis atá i bhfeidhm ag ár Roinn chun ár ndaoine, ár gcultúr agus ár n-eagraíocht a fhorbairt. Is é an cuspóir atá againn a bheith inár n-eagraíocht a bhfuil dea-theist soláthair aici agus ar féidir léi na sárdhaoine a theastaíonn chun bláthú a mhealladh agus a choinneáil. Tá an Roinn tiomanta dá cumas eagraíochtúil a fhorbairt agus infheistiú i mbaill foirne chun a chinntiú go mbeidh sí in ann dúshláin sa todhchaí a shárú. Is é Ag Obair Le Chéile an straitéis atá i bhfeidhm ag an Réimse Corparáideach chun athrú uaillmhianach substainteach a dhéanamh ar eispéireas an fhostaí, ar sholáthar seirbhíse inmheánach agus ar chultúr na heagraíochta. Leagtar amach sa straitéis gníomhartha gearrthéarmacha agus fadtéarmacha éagsúla lena gcinnteofar go mbeidh an Roinn fós oiriúnach don fheidhm de réir mar a théann sí i méid ar bhealach gan fasach agus mar a mheallann sí spéis mhéadaithe ón bpobal agus ón gcóras polaitíochta. Beidh rath na straitéise ag brath ar rannpháirtíocht ghníomhach gach baill foirne chun a chinntiú go ndéanfaimid athruithe dearfacha agus go gcruthóimid áit oibre ina dtugtar tacaíocht agus cumhacht d’fhostaithe barr a gcumais a bhaint amach agus ár rath a bhrú chun cinn. Tá Ag Obair le Chéile á sholáthar faoi chúig shnáithe faoi láthair: Soláthar Straitéiseach; Daoine agus Caidreamh; Próiseas agus Rialachas; Timpeallacht Oibre agus Claochlú Digiteach agus Airgead.

Sainaithnítear bearnaí cumais agus cuirtear feabhsuithe i bhfeidhm mar chuid den tuairisc thráthrialta a thugtar don Bhord Bainistíochta ar phleanáil fórsa saothair agus tríd an gCreat Soláthair Straitéisigh, tríd an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus le linn breithniú a dhéanamh ar riosca.

## 2.4 Foghlaim agus Forbairt

Tá an Roinn tiomanta do chur chuige straitéiseach Foghlama agus Forbartha a leabú ar fud na Roinne. Tá sí tiomanta freisin d'Fhoghlaim agus Forbairt leanúnach ár ndaoine agus do thacaíocht a thabhairt dóibh a bhforbairt phearsanta agus ghairmiúil a chur ar aghaidh. Ar aon dul le cur chuige um "thús áite do dhaoine", tá beartas foirmiúil Foghlama agus Forbartha i bhfeidhm ag an Roinn. Tá sé mar aidhm leis an mbeartas sin pleanáil, cur chun feidhme, taifeadadh agus meastóireacht a dhéanamh go córasach ar fhoghlaim agus forbairt a ball foirne go léir. Ag aithint di go bhfuil ríthábhacht ag baint le cur chuige den sórt sin maidir lena héifeachtacht leantach, chuir an Roinn na hacmhainní, na córais agus na próisis riachtanacha i bhfeidhm.

Is iad seo a leanas na haidhmeanna atá leis an mBeartas Foghlama agus Forbartha:

- cur chuige straitéiseach Foghlama agus Forbartha a leabú ar fud na Roinne;
- a chinntiú go sealbhaíonn na fostaithe go léir an inniúlacht a theastaíonn chun dualgais agus freagrachtaí a ról a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach éifeachtúil;
- spreagadh a thabhairt d'fhostaithe a n-inniúlachtaí a fhorbairt i gcónaí agus rannchuidiú méadaithe a dhéanamh le cultúr ardfheidhmíochta;
- a chinntiú go bhfuil gach gníomhaíocht foghlama agus forbartha ailínithe le riachtanais eagraíochtúla agus le pleananna feidhmíochta agus forbartha aonair; agus
- cabhrú lena chinntiú go bhforbraítear an cumas agus na láidreachtaí atá ag fostaithe agus go n-úsáidtear iad ar aon dul le spriocanna eagraíochtúla.

Reáchtálann an Roinn próiseas struchtúrtha ionduchtúcháin do bhaill foirne nua. Tá clár foirmiúil meantóireachta i bhfeidhm aici freisin.

# Caibidil 3: Cultúr, Éiteas, agus Caighdeáin

**Prionsabal Rialachais: Tacaíonn dea-rialachas le cultúr agus éiteas a chinntíonn iompraíocht le hionracas, tiomantas láidir do luachanna eiticiúla, agus meas ar an smacht reachta.**

## 3.1 Cultúr agus Luachanna

Tá cultúr ár Roinne bunaithe ar dhearcthaí, luachanna agus iompraíochtaí ár bhfórsa saothair, ar ár gcleachtais bhainistíochta agus ar ár stíleanna ceannaireachta. Buntaca leis an dóigh a n-oibrímid mar eagraíocht is ea na luachanna atá leagtha amach i Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030.



Nuair a oibrítear sa tseirbhís phoiblí, oibrítear ar mhaithe le leas an phobail. Mar státseirbhísigh, léirímid meas, neamhspleáchas, cothroime, comhionannas, neamhchlaontacht agus ionracas san áit oibre gach lá.

Ag obair dúinn sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, táimid mar chuid d'fhoireann ghairmiúil agus táimid bródúil as an obair a dhéanaimid agus as an difríocht atá á déanamh againn faoi láthair agus dá bhfuil i ndán dúinn. Mar aon le seasamh le luachanna na Státseirbhíse ar fad, tá ár luachanna féin againn lena léirítear cé sinne mar Roinn, cén dóigh a gcaithimid lena chéile agus cén dóigh a gcuirimid ár ngnáthobair laethúil i gcrích. Tá na luachanna sin leagtha amach thíos inár Ráiteas Luachanna.

### Ráiteas Luachanna na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

Mar státseirbhísigh, léirímid neamhspleáchas, meas, cothroime, comhionannas, neamhchlaontacht agus ionracas san áit oibre gach lá. Ag obair dúinn sa Roinn, leagaimid tábhacht ar leith ar na luachanna lena sainítear conas a oibrímid agus lena múnlaítear ár gcultúr: **Ag Obair le Chéile – Tionchar a Imirt – Ardchaighdeáin a Sholáthar**

| Ár Luachanna | Ag Obair le Chéile | Tionchar a Imirt | Ardchaighdeáin a Sholáthar |
|---|---|---|---|
| Ár nIompraíochtaí | Spreagaimid gach duine a bheith ar a ndóigh féin, agus fios acu go nglacfar leo agus go gcaithfear go cothrom leo le dínit agus le meas. | Déanaimid uile ár gcion i bhfís na Roinne a chomhlíonadh; agus difríocht á déanamh agus Éire atá ann faoi láthair agus a bheidh ann san am atá le teacht á múnlú. | Tá freagracht orainn as obair thábhachtach a sholáthar agus socraímid ardchaighdeáin le haghaidh na hoibre a dhéanaimid agus le haghaidh na slí a ndéanaimid í. |
| | Aithnímid go mbainimid barr ár gcumais amach nuair a oibrímid le chéile agus go neartaíonn sé sin an tslí a gcomhlíonaimid fís na Roinne. | Spreagtar sinn obair i dtreo todhchaí níos fearr a bhaint amach; is údar mór bróid dár n-eagraíocht iad an tionchar agus an leagáid sin. | Tá meas againn ar shaineolas ár mball foirne, á aithint go rannchuidíonn a gcuid taithí, eolais agus cáilíochtaí lenár gcumas chun obair ardchaighdeáin a sholáthar. |
| | Forbraímid caidreamh gairmiúil lenár gcomhghleacaithe sa Roinn, ar fud an mhórchórais Rialtais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. | Tá bród orainn as cáilíocht ár gcuid oibre, agus fios againn go dtabharfar ar aghaidh í do dhaoine eile sa todhchaí chun leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh uirthi. | Oibrímid ar bhealach oscailte trédhearcach agus comhroinnimid ár gcuid saineolais, eolais agus comhairle ar fud ár Roinne féin agus ar fud Ranna eile. |
| | Baineann tábhacht le caidreamh agus le cairdeas. Tugaimid tacaíocht dá chéile in amanna deacrachta agus tagaimid ar réitigh le chéile. Is é an toradh atá ar fhoghlaim ó nithe nár éirigh leo go bhfuilimid níos láidre agus níos athléimní. | Aithnímid go dteastaíonn misneach, cruthaitheacht agus díriú ar an todhchaí chun athruithe a bhaint amach. Spreagaimid dúshláin dhearfacha, dearcthaí difriúla agus smaointe nua chun gur féidir linn soláthar agus forbairt. | Déanaimid freagracht a thabhairt agus a ghlacadh, agus ceannaireacht á spreagadh ar gach leibhéal. Forbraímid ár mbaill foirne, déanaimid meantóireacht orthu agus infheistímid iontu chun gur féidir linn ár n-acmhainneacht a bhaint amach agus fís na Roinne a chomhlíonadh inár n-aonar agus i dteannta a chéile. |

## 3.2 Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Aithnímid an ról a imríonn ár ndaoine maidir lenár spriocanna gnó a chomhlíonadh de réir na gcaighdeán is airde, agus is mór againn é sin. Inár Ráiteas Straitéise – Le Chéile 23 –

ceanglaítear ar ár Roinn *'sinn féin a chumasú, ar bhonn aonair agus ar bhonn comhchoiteann, barr ár gcumais a bhaint amach agus spriocanna gnó a chomhlíonadh ag an am céanna'*. Chun na spriocanna sin a chomhlíonadh, teastaíonn ceangal doimhnithe leis na daoine a n-oibrímid leo gach lá sa Roinn, agus leis na pobail agus na daoine a bhfreastalaímid orthu, agus teastaíonn tuiscint dhoimhnithe orthu.

I Straitéis agus Plean Gníomhaíochta na Roinne um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, leagtar amach an fhís atá againn, atá ailínithe leis an Ráiteas Luachanna uainn, le haghaidh áit oibre chuimsitheach ina spreagtar gach duine a bheith ar a ndóigh féin, agus fios acu go nglacfar leo agus go gcaithfear go cothrom leo le dínit agus le meas. Tríd an bhfís sin a chomhlíonadh, cruthófar eagraíocht ina bhfuil Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú leabaithe agus ina nglactar go maith leo. Ar an tslí sin, cruthófar samhail fheabhsaithe oibriúcháin laistigh den Roinn agus cuirfear bonn eolais eile faoi fhorbairt beartais agus faoi chinnteoireacht a bheidh ag teacht leis an bpobal in Éirinn inniu, ar pobal é a bhíonn ag éirí níos éagsúla i gcónaí.

## 3.3 Caighdeáin agus Iompraíocht do Státseirbhísigh

Tá sé tábhachtach go mbeadh tuiscint shoiléir ag gach státseirbhíseach, ina ngnáthobair laethúil, ar na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo uathu i ndáil le soláthar seirbhíse agus i ndáil le hiompraíocht ag an obair. Soláthraítear an tsoiléire sin trí roinnt príomhphíosaí reachtaíochta lena sainítear rialacha oibriúcháin, trí Chód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse agus trí raon píosaí eile reachtaíochta, cód agus nósanna imeachta.

Leagtar amach sa tábla seo a leanas na príomhphíosaí reachtaíochta, na príomhchóid, na príomhnósanna imeachta agus na príomhbheartais a bhfuil feidhm acu sa Státseirbhís agus a bhfuil mar aidhm leo a chinntiú go gcoinnítear ardchaighdeáin soláthair agus ionracais ar bun agus go gcaitear go cothrom le fostaithe.

**Tábla 1 – Na Príomhphíosaí Reachtaíochta, na Príomhchóid, na Príomhnósanna Imeachta agus na Príomhbheartais sa Státseirbhís**

| **Reachtaíocht** | |
|---|---|
| Achtanna Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956 go 2005 | Leagtar amach sna hAchtanna seo an creat le haghaidh an Státseirbhís a rialáil, a rialú agus a bhainistiú. |
| An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 | Leagtar amach san Acht seo an creat le haghaidh earcaíocht agus roghnúchán atá cothrom, trédhearcach agus fiúntasbhunaithe chuig poist sa tseirbhís phoiblí. |
| An tAcht um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 | Leagtar amach sna hAchtanna seo na hoibleagáidí atá ar státseirbhísigh agus ar iar-státseirbhísigh gan faisnéis a gnóthaíodh le linn a gcuid oibre oifigiúla a nochtadh go míchuí. Tá feidhm acu maidir le haon tríú páirtí a oibríonn faoi chonradh leis an Roinn freisin. |
| Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 | Leagtar amach sna hAchtanna seo na ceanglais atá ar pharlaiminteoirí agus ar sheirbhísigh phoiblí leasanna iomchuí, lena n-áirítear leasanna ábhartha, a nochtadh a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar Airí den Rialtas, ar Airí Stáit, ar Chathaoirligh agus Leaschathaoirligh Dháil Éireann agus Sheanad Éireann, ar an Ard-Aighne, ar chomhaltaí de Thithe an Oireachtais, ar stiúrthóirí comhlachtaí poiblí agus ar sheirbhísigh phoiblí, lena n-áirítear comhairleoirí speisialta, le linn dóibh a ndualgais oifigiúla a chomhlíonadh. |
| An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 | Leagtar amach san Acht seo na cosaintí reachtúla atá ar fáil d'oibrithe a nochtann faisnéis a bhaineann le héagóiritheoireacht iomchuí a tháinig ar a n-aird san áit oibre. |
| An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 | Leagtar amach san Acht seo na cearta atá ag fostaithe i ndáil le scíth, am uasta oibre agus laethanta saoire. |
| **Cóid, Beartais agus Nósanna Imeachta** | |
| Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse, arna | Leagtar amach sa Chód seo na caighdeáin a cheanglaítear chun tacú le seirbhís phoiblí ardchaighdeáin, atá bunaithe ar ardleibhéil feidhmíochta agus freagrachta pearsanta. |

| | |
|---|---|
| leagan amach ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí | |
| An Beartas um Dhínit san Áit Oibre | Leagtar amach sa Bheartas seo an dóigh a gcuirtear meas, dínit, sábháilteacht agus comhionannas chun cinn san áit oibre agus tá sé mar aidhm leis a chinntiú go bhfuil gach ball foirne ar an eolas faoin bhfreagracht atá orthu iad féin a iompar ar bhealach a léiríonn cultúr dínite agus measa. |
| Nós Imeachta Casaoide (Ciorclán 11/2001) | Leagtar amach sa Nós Imeachta seo an próiseas atá le leanúint chun déileáil le gearáin ó bhaill foirne aonair i gcás nach cuí na gearáin sin a phlé faoin Scéim Réitigh agus Eadrána. |
| Cód Araíonachta na Státseirbhíse (Ciorclán 19/2016) | Leagtar amach sa Chód seo na socruithe le haghaidh déileáil le nithe araíonachta sa Státseirbhís.<br>Tá feidhm aige maidir le gach státseirbhíseach, seachas iontrálaithe nua atá ag fónamh i gcáil phromhaidh. |
| Nósanna imeachta araíonachta do státseirbhísigh ar iontrálaithe nua iad atá ag fónamh i gcáil phromhaidh (Ciorclán 04/2019) | Leagtar amach sna nósanna imeachta seo na socruithe le haghaidh déileáil le nithe araíonachta do státseirbhísigh ar iontrálaithe nua iad atá ag fónamh i gcáil phromhaidh. |

## 3.4 Eitic in Oifigí Poiblí

Faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, ceanglaítear ar Chomhairleoirí Speisialta na nAirí, ar chomhaltaí den Bhord Bainistíochta agus ar dhaoine a shealbhaíonn poist ainmnithe sa státseirbhís agus sa mhórsheirbhís phoiblí ráiteas bliantúil a thabhairt ar aon leasanna inchláraithe atá acu agus orthu sin atá ag céile nó ag leanbh (nó ag leanbh le céile) agus a bhféadfadh tionchar ábhartha a imirt orthu le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh nó i ndáil le comhlíonadh a bhfeidhmeanna.

Inár Roinn, ní mór na daoine a oibríonn ag na gráid seo a leanas agus sna poist ainmnithe seo a leanas dearbhú bliantúil a dhéanamh ar leasanna inchláraithe:

1. Ard-Rúnaí
2. Stiúrthóir an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála agus Rúnaithe Cúnta
3. Comhairleoirí Speisialta na nAirí
4. Príomhoifigeach agus Coibhéisí
5. Poist ainmnithe don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, mar atá liostaithe sna sceidil a ghabhann le I.R. Uimh. 35 de 2015 agus le I.R. Uimh. 483 de 2018

## 3.5 Brústocaireacht

Tá ríthábhacht ag baint le cumarsáid fhairsing a dhéanamh leis an bpobal agus lenár ngeallsealbhóirí, agus í ina bealach inar féidir ionchur agus aiseolas tábhachtach a fháil maidir leis an bpróiseas forbartha beartais agus cinnteoireachta. Is cuí an rud é, áfach, go gcuirfí an ghníomhaíocht sin faoi réir grinnscrúdú poiblí agus go mbeadh trédhearcacht ann maidir le 'cé atá ag déanamh teagmhála, cé leis a bhfuil sé ag déanamh teagmhála agus cad lena mbaineann an teagmháil sin'. Tháinig an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2015. Is é cuspóir an Achta socrú a dhéanamh do Chlár Brústocaireachta Gréasánbhunaithe chun faisnéis a chur ar fáil don phobal faoi chéannacht na ndaoine a dhéanann cumarsáid le hoifigigh phoiblí ainmnithe ar bheartais, ar nithe reachtacha nó ar chinntí ionchasacha ar leith. Tá faisnéis faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil agus faoi na hoibleagáidí a fhorchuirtear leis an Acht ar fáil ag www.lobbying.ie.

Inár Roinn, tá feidhm ag na hoibleagáidí brústocaireachta atá leagtha amach san Acht maidir leis an Aire, leis na hAirí Stáit, leis an Ard-Rúnaí, le Stiúrthóir an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála, le Rúnaithe Cúnta agus le Comhairleoirí na nAirí.

## 3.6 Nochtadh Cosanta

Leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú), agus leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022, tugtar cosaintí reachtúla d'oibrithe in imthosca ina nochtann siad faisnéis a bhaineann le héagóiritheoireacht iomchuí a tháinig ar a n-aird san áit oibre.

Ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí faoin Acht nósanna imeachta inmheánacha a bheith i bhfeidhm acu le haghaidh déileáil le nochtaí cosanta agus a chinntiú go gcuirfear na nósanna imeachta sin ar fáil do bhaill foirne laistigh den Roinn, don phobal i gcoitinne agus d'oibrithe, mar atá sainmhínithe faoin Acht.

**Cad is oibrí ann i gcomhthéacs nochtaí cosanta?** Tá sainmhíniú leathan ann ar oibrí, agus áirítear leis aon oibrí ionchasach, aon oibrí reatha nó aon iaroibrí, amhail conraitheoir neamhspleách, oiliúnaí, scairshealbhóir, comhalta boird, agallaí agus, nuair is infheidhme, ball foirne a thugtar ar iasacht do chomhlachtaí Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí.

**Cé na daoine inár Roinn a bhfuil feidhm ag an reachtaíocht maidir leo?** Tá feidhm ag an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú), agus ag an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022, maidir le gach ball foirne sa Roinn agus maidir le hoibrithe, mar atá sainmhínithe thuas. Tá Beartas agus Treoirlínte na Roinne maidir le Nochtadh Cosanta ar fáil do bhaill foirne ar ár nInlíon agus leagtar amach iontu ár mbeartas maidir le nochtadh cosanta agus conas nochtadh cosanta a dhéanamh.

## 3.7 An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Tá dianbhearta agus dianphrótacail slándála i bhfeidhm chun na sonraí pearsanta atá i gcórais TF agus i gcomhaid fhisiciúla a chosaint. Cheap an Roinn Oifigeach Cosanta Sonraí, a chinntíonn go dtuairiscítear aon sáruithe sonraí ar bhealach trédhearcach agus a sholáthraíonn comhairle maidir le hobair agus tionscadail a bhfuil sonraí pearsanta i gceist leo.

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí trí ríomhphost a sheoladh chuig dataprotection@decc.gov.ie.

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le gach ball foirne sa Roinn. Soláthraítear oiliúint éigeantach do gach ball foirne agus is féidir í a shocrú trí theagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí. Tá beartais na Roinne i ndáil leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ar fáil do gach ball foirne ar ár nInlíon.

# Caibidil 4: Straitéis, Dea-Chleachtas agus Cuntasacht

| **Prionsabal Rialachais:**<br><br>**Cabhraíonn dea-rialachas le tosaíochtaí agus torthaí a shainiú i ndáil le tairbhí inbhuanaithe eacnamaíocha agus sochaíocha agus chun a chinneadh cé na beartais agus na hidirghabhálacha is gá chun na tosaíochtaí agus na torthaí sin a bhaint amach ar an mbealach is fearr is féidir. Is é atá i gceist leis dea-chleachtais a chur chun feidhme ó thaobh trédhearcachta, tuairiscithe, cumarsáide, iniúchóireachta agus grinnscrúdúcháin de ar mhaithe le cuntasacht a sholáthar**. |
|---|

## 4.1 Treo Straitéiseach agus Pleanáil Gnó

De réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, foilsíonn an Roinn Ráiteas Straitéise a athbhreithnítear gach trí bliana nó níos luaithe ná sin i gcás athrú Aire.

Tá an tAonad Cur Chun Feidhme Straitéiseach laistigh den Roinn ina aonad láraithe um pleanáil agus soláthar straitéiseach ar a bhfuil freagracht as pleanáil straitéiseach fhoriomlán, as formhaoirseacht ar sholáthar agus as ailíniú straitéiseach tosaíochtaí le buiséadú feidhmíochta agus le pleanáil straitéiseach fórsa saothair. Tá sé mar ról ag an Aonad Cur Chun Feidhme Straitéiseach feabhas leanúnach a chur ar phleanáil gnó agus straitéiseach na Roinne agus an obair ar Ráiteas Straitéise agus Tuarascálacha Bliantúla na Roinne a stiúradh chun treisiú leis an gcumas atá ag an Roinn Éire a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de, inbhuanaithe agus nasctha ón taobh digiteach de a bhaint amach.

### Ráiteas Straitéise

Shainaithin an Roinn cúig sprioc straitéiseacha a bhfuil comhlíonadh na ngealltanas iomchuí i gClár an Rialtais bunaithe orthu agus atá ailínithe go hiomlán le beartas agus spriocanna reachtacha an Rialtais, mar atá mionsonraithe i ndoiciméid agus ionstraimí éagsúla, lena n-áirítear Clár an Rialtais – Ár dTodhchaí Chomhroinnte, an Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030, an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, agus an tAcht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022.

Leagtar amach i Ráiteas Straitéise na Roinne – Le Chéile – an fhís agus an misean atá againn agus na cúig sprioc straitéiseacha sin, mar atá leagtha amach thíos:




Tá an dul chun cinn ar chomhlíonadh na bpríomhthosaíochtaí leagtha amach inár dTuarascáil Bhliantúil.

## 4.2 Cinnteoireacht agus Grinnscrúdú

I ngach cás, is trí chóras ríomh-Aighneachtaí na Roinne a chuirtear isteach iarrataí foirmiúla ar chinneadh, faisnéis nó ceadú ón lucht bainistíochta nó ó na hAirí. Is ar an gcóras sin freisin a thaifeadtar na cinntí deiridh. Leagtar amach i dtéarmaí leathana sna míreanna seo a leanas an dóigh a ndéantar cinntí laistigh den Roinn.

### 1. Tosaíochtaí agus Torthaí a Shainiú

Tá creat soláthair straitéisigh i bhfeidhm laistigh den Roinn chun a chinntiú go leagtar díriú marthanach ar ár spriocanna straitéiseacha. Mar chuid den chur chuige sin, sainaithníodh cláir thosaíochta a mbaineann torthaí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha leo. Gairtear ár bPríomhghníomhartha Straitéiseacha díobh. Is thar shé phríomhchéim a fheidhmítear an creat, ar gné bhunúsach é dár bpleanáil gnó agus straitéiseach, dár soláthar gnó agus straitéiseach agus dár dtuairisciú gnó agus straitéiseach:

1. Treo agus comhthéacs a leagan síos
2. Ailíniú straitéiseach
3. Pleananna soláthair a chomhaontú agus acmhainní airgeadais agus acmhainní foirne araon a chur ar fáil dóibh
4. Tuairisc thráthrialta a thabhairt don Bhord Bainistíochta agus don Aire
5. Idirphlé láidir soláthardhírithe a dhéanamh ag an mBord Bainistíochta agus leis an Aire
6. Cur chun feidhme

Soláthraítear le céimeanna 1 go 3 an bunús dár bpríomhthosaíochtaí straitéiseacha a shainaithint ar bhonn bliantúil agus dár bPleananna bliantúla Soláthair Príomhghníomhartha Straitéiseacha a fhorbairt. Soláthraítear le céimeanna 4 go 6 córas struchtúrtha le haghaidh faireachán a dhéanamh agus tuairisciú, le haghaidh dúshláin ó thaobh soláthair de a shainaithint agus le haghaidh réitigh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Feidhmítear céimeanna 4 go 6 ar bhonn atriallach ar fud na bliana.

### 2. Meabhráin don Rialtas

Ullmhaítear Meabhráin don Rialtas do gach ní ar gá don Rialtas cinneadh a dhéanamh orthu nó iad a thabhairt faoi deara. Leagtar amach i ngach Meabhrán an bunús do gach cinneadh beartaithe ón Rialtas nó do gach ní lena dtabhairt faoi deara, na roghanna a breithníodh, cistiú agus tionchair eile, agus na tuairimí ó Ranna eile Rialtais. Ullmhaíonn an Roinn Meabhráin agus ceadaíonn an tArd-Rúnaí iad tríd an gcóras ríomh-Aighneachtaí lena gcinneadh ag an Aire ar deireadh. Cuireann an tAire na Meabhráin faoi bhráid an Rialtais tríd an ríomh-Chomh-Aireacht ansin. Tá an próiseas le haghaidh an próiseas Comh-Aireachta a bhainistiú leagtha amach sa Lámhleabhar Comh-Aireachta. Tá treoirlínte maidir leis an bpróiseas inmheánach ceadúcháin ar fáil do gach ball foirne ar ár nInlíon.

### 3. Cinntí Beartais

Is é nó í an tAire nó an tAire Stáit, de réir mar is cuí (de réir socruithe tarmligean feidhmeanna), a dhéanann cinntí beartais a bhfuil suntas leo de bhonn moladh a fháil ó oifigigh tríd an gcóras ríomh-Aighneachtaí. Leagtar amach sna cinntí sin an réasúnaíocht is bun leis an gcinneadh, na cineálacha malartacha cur chuige a breithníodh, tuairimí geallsealbhóirí, impleachtaí cistiúcháin, agus gníomh molta.

### 4. Cinntí ón mBord Bainistíochta

Déanann an Bord Bainistíochta raon cinntí suntasacha bainistíochta – féach Caibidil 3 chun forbhreathnú mionsonraithe a fháil ar ról an Bhoird Bainistíochta. Cuirtear nithe lena gcinneadh ar an gclár oibre, agus páipéir á scaipeadh ar chomhaltaí Boird roimh ré lena mbreithniú acu. Taifeadtar an toradh sna miontuairiscí oifigiúla.

### 5. Cinntí Caiteachais

Bíonn cinntí caiteachais ailínithe lenár dtosaíochtaí straitéiseacha. Déantar na cinntí sin ar aon dul leis na nósanna imeachta bainistíochta airgeadais atá leagtha amach i gCaibidil 5, agus aird á tabhairt ar an gCód Caiteachais Phoiblí. Ní mór Cás Gnó IGEES a bheith ag gabháil le gach togra airgeadais a chuirtear isteach lena gceadú, ar Cás Gnó é ina bhfuil Tuarascáil Measúnaithe Straitéisigh agus Theicniúil ina leagtar amach an t-ailíniú straitéiseach le tosaíochtaí na Roinne agus an Rialtais agus an anailís a cheanglaítear faoin gCód Caiteachais Phoiblí. Leagtar amach sa Tuarascáil sin freisin measúnú ar na himpleachtaí ó thaobh acmhainní, cumarsáide, ISD, Státchabhrach, dlí agus pleanála de agus ar an gcóras beartaithe soláthair.

Tríd is tríd, is próiseas atriallach é an próiseas cinnteoireachta, ar lena linn a sheoltar cruinnithe idir oifigigh, comhairleoirí agus an tAire, a ullmhaítear dréachtpháipéir agus is féidir súil siar a chaitheamh ar pháipéir chun soiléiriú nó tuilleadh mionsonraí a fháil ina leith sula lorgaítear, agus sula ndéantar, aon chinntí deiridh.

## 4.3 Trédhearcacht agus Cuntasacht

Tá trédhearcacht agus cuntasacht i gcroílár oibríochtaí na Roinne. Freastalaíonn Oifigigh agus/nó an tAire go tráthrialta ar choistí Oireachtais. Soláthraítear faisnéis go rialta do TDanna trí cheisteanna parlaiminte, trí dhíospóireachtaí ar shaincheisteanna tráthúla agus trí nithe i dtosach suí. Déanaimid grinnscrúdú réamhreachtach, agus tá córais láidre i bhfeidhm againn chun iarrataí Saorála Faisnéise, iarrataí ar rochtain ar fhaisnéis maidir leis an gcomhshaol agus ceisteanna ón bpreas a bhainistiú. Déanaimid caidreamh le geallsealbhóirí trí phróisis fhoirmiúla chomhairliúcháin freisin.

### Freastal ar an gCoiste um Chuntais Phoiblí

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, tá an tArd-Rúnaí cuntasach do Dháil Éireann sa dóigh a ndéanann sí maoirseacht ar na cistí a leithdháiltear ar an Roinn. Ceanglaítear uirthi fianaise a thabhairt don Choiste um Chuntais Phoiblí gach bliain ar an dóigh ar chomhlíon sí an fhreagracht atá uirthi as maoirseacht a dhéanamh ar na cistí.

**Cad atá sa Choiste um Chuntais Phoiblí?** Buanchoiste de chuid na Dála is ea an Coiste um Chuntais Phoiblí, agus imríonn sé ról tábhachtach maidir le cuntasacht agus trédhearcacht a chinntiú i ndáil leis an dóigh a ndéanann ranna rialtais a n-airgead a leithdháileadh, a chaitheamh agus a bhainistiú. Féachann an Coiste um Chuntais Phoiblí lena chinntiú go bhfaigheann cáiníocóirí luach ar airgead as gach euro a chaitheann an Státchiste. Tá sé freagrach as scrúdú a dhéanamh ar chuntais bhliantúla na ranna rialtais agus as tuairisc a thabhairt do Dháil Éireann orthu tar éis don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad a iniúchadh. Tá tuilleadh faisnéise faoin gCoiste sin leagtha amach i gCaibidil 5.

### Freastal ar Choistí Oireachtais

Féadfaidh Coistí Oireachtais Aire nó oifigigh ón Roinn a ghlaoch tráth ar bith chun freastal ar an gCoiste mar fhinnéithe chun obair na Roinne a phlé. Táthar ag súil leis go bhfreastalóidh

finnéithe ar choistí nuair a thugtar cuireadh dóibh freastal orthu. Ceanglaítear ar an Aire nó ar an oifigeach atá i gceannas ráiteas tosaigh a ullmhú agus a sholáthar don Choiste roimh ré.

**Cad is Coiste Oireachtais ann?** Is é is coiste Oireachtais ann ná grúpa TDanna agus/nó Seanadóirí a roghnaíonn Teach amháin den Oireachtas, nó an dá cheann díobh, é chun ábhar ar leith a bhreithniú. Is mine an scrúdú a dhéanann na coistí ar thopaic ná an scrúdú a d'fhéadfadh an Dáil nó an Seanad a dhéanamh uirthi. Féadfaidh coistí cuireadh a thabhairt do thríú páirtithe freastal ar a gcruinnithe chun an topaic a phlé le comhaltaí. Maidir le coistí a dhéileálann le hobair Roinne, is gnách go mbíonn a gcuid oibre ag teacht leis an obair a dhéanann Roinn Rialtais agus go ndéanann siad breithniú ar gach gné beartais a bhaineann leis an Roinn sin, lena n-áirítear reachtaíocht bheartaithe agus Meastacháin do chaiteachas Rialtais.

Is iad na coistí is iomchuí don Roinn seo ná an Coiste um Chomhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide agus an Coiste um Iompar agus Cumarsáid.

### Grinnscrúdú Réamhreachtach

Téann an Roinn go rialta i mbun grinnscrúdú réamhreachtach agus reachtaíocht á hullmhú aici. Is é a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin freastal ar an gCoiste Oireachtais iomchuí chun ceisteanna a fhreagairt ar an reachtaíocht.

**Cad is Grinnscrúdú Réamhreachtach ann?** Is é seo an próiseas trína bhfoilsíonn Airí an Scéim Ghinearálta de Bhille agus trína leagann siad an Scéim sin faoi bhráid an Choiste Oireachtais iomchuí lena grinnscrúdú roimh dhréachtú foirmiúil an Bhille. Tuairiscíonn an Coiste ar ais don Aire atá ag urrú na reachtaíochta chun barúlacha agus/nó moltaí a chur in iúl dó nó di.  Tá grinnscrúdú deartha chun treisiú le ról na parlaiminte maidir le reachtaíocht a ullmhú.

### Ceisteanna Parlaiminte, Díospóireachtaí ar Shaincheisteanna Tráthúla agus Nithe i dTosach Suí

Soláthraíonn an Roinn faisnéis go rialta do TDanna agus do Sheanadóirí trí cheisteanna parlaiminte, trí dhíospóireachtaí ar shaincheisteanna tráthúla agus trí nithe i dtosach suí. Tá na modhanna sin chun faisnéis a sholáthar do TDanna faoi cheangal ag creataí ama dochta, agus is taifead poiblí é an t-ábhar a sholáthraítear. Tá comhairle do chomhghleacaithe maidir le déileáil leis na nithe sin ar fáil ar inlíon na Roinne.

### Saoráil Faisnéise

Leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, tugtar an ceart don phobal chun rochtain a fháil ar thaifid atá i seilbh na Roinne.  Tá Aonad Saorála Faisnéise tiomnaithe ag an Roinn, rud a bhfuil freagracht air as an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, a bhainistiú agus a riar, de réir mar atá feidhm aige maidir leis an Roinn. Tá treoir do bhaill foirne maidir le déileáil le hiarraidh ar fáil ar Inlíon na Roinne. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Aonad Saorála Faisnéise trí ríomhphost a sheoladh chuig: FOI.unit@DECC.gov.ie

### Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol

Le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol), 2007 go 2018 (I.R. Uimh. 133 de 2007, I.R. Uimh. 662 de 2011, I.R. Uimh. 615 de 2014 agus I.R. Uimh. 309 de 2018), tugtar cearta dlíthiúla dóibh sin atá ag lorg faisnéis maidir leis an gcomhshaol ó údaráis phoiblí, mar a fhoráiltear faoi Choinbhinsiún Aarhus.

Faoi na Rialacháin sin, ní mór faisnéis maidir leis an gcomhshaol a shealbhaíonn an Roinn seo a sholáthar d'aon duine ach í a iarraidh, faoi réir eisceachtaí áirithe.

Tugtar sna Rialacháin sainmhíniú ar fhaisnéis comhshaoil agus leagtar amach iontu an modh inar cheart iarrataí ar fhaisnéis a sholáthar d'údaráis phoiblí. Foráiltear leis na Rialacháin freisin do nós imeachta achomhairc foirmiúil i gcás go mbeidh duine míshásta leis an gcinneadh ar an iarraidh uaidh/uaithi. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ag https://www.gov.ie/en/organisation-information/1e52cb-access-to-information-on-the-environment-aie/

Foilsítear mionsonraí faoi gach iarraidh neamhphearsanta ar rochtain ar fhaisnéis maidir leis an gcomhshaol ón mbliain 2018 i leith sa Loga Nochta le haghaidh Iarrataí ar Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol ar shuíomh Gréasáin na Roinne.

### Cumarsáid Sheachtrach/Ceisteanna ón bPreas

Trína feidhm Preasoifige, soláthraíonn an Roinn faisnéis do na meáin trí phreaseisiúintí sceidealaithe a fhoilsiú nó trí fhreagra a thabhairt ar iarrataí ar fhaisnéis. Soláthraítear faisnéis go rialta don phobal trí fhaisnéis a fhoilsiú faoi obair agus comhairliúcháin na Roinne ar ár suíomh Gréasáin freisin. Tacaíonn Aonad Cumarsáide na Roinne le hobair na n-aonad beartais trí thionscnaimh, seirbhísí agus beartais a chur in iúl go réamhghníomhach ar fud ardáin dhigiteacha éagsúla, trí fhógraíocht spriocdhírithe agus trí chaidreamh áitiúil agus trí chaidreamh leis an bpobal. Oibríonn an Roinn feidhm seirbhíse do chustaiméirí thar an teileafón, tríd an bpost agus tríd an ríomhphost freisin. Tá tuilleadh mionsonraí leagtha amach i gCaibidil 6.

# Caibidil 5: Socruithe Iniúchóireachta, Dearbhaithe agus Comhlíonta

**Prionsabal Rialachais**

**Is é atá i gceist le dea-rialachas rioscaí agus feidhmíocht a bhainistiú trí chórais láidre rialaithe inmheánaigh agus trí chleachtais éifeachtacha bhainistíochta feidhmíochta.**

## 5.1 Cistí Poiblí a Choimirciú

Tá an tArd-Rúnaí, mar Oifigeach Cuntasaíochta, cuntasach san airgead poiblí ar fad a thagann isteach sa Roinn seo agus a imíonn uaithi a choimirciú. Tarmligtear an ról sin chuig baill foirne le linn ghnáthoibriú laethúil na Roinne, le tacaíocht ón Rannán Airgeadais, agus ar aon dul leis an dea-chleachtas atá leagtha amach i Nósanna Imeachta Bainistíochta Airgeadais na Roinne.

## 5.2 Ról an Rannáin Airgeadais

Is é ról an Rannáin Airgeadais cabhrú le bainistíocht airgeadais fhoriomlán na Roinne agus a chinntiú go bhfuil córais bhainistíochta airgeadais i bhfeidhm chun tacú le feidhmeanna na Roinne a riar go cuí. Cuireann an Rannán an dea-chleachtas chun cinn ar fud na Roinne trí na Nósanna Imeachta Bainistíochta Airgeadais.

Mar atá leagtha amach thíos, cuimsíonn an Rannán Airgeadais trí aonad, is iad sin: an tAonad Airgeadais; an tAonad Cuntas; agus an tAonad Soláthair.

Tá an t**Aonad Airgeadais** freagrach as próiseas Meastachán Bliantúil na Roinne a chomhordú agus as buiséid a leithdháileadh ón Vóta de réir fo-mhírchinn.  Tugann sé tuairisc don Ard-Rúnaí agus don Bhord Bainistíochta ar bhonn míosúil, agus é ag

tabhairt breac-chuntas ar an bhfeidhmíocht airgeadais ar fud na bhFo-mhírcheann éagsúil, go háirithe caiteachas in aghaidh próifíl buiséid, agus ag mionsonrú difríochtaí suntasacha agus brúnna/coigiltí caiteachais a tháinig chun cinn, de réir mar is cuí. Tugann sé tuairisc don Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe ar bhonn míosúil freisin ar raon oibleagáidí faireacháin agus réamhaisnéisithe próifíle agus ar an dóigh a mbítear ag cloí leis na huasteorainneacha caiteachais a leag an Rialtas síos.

**Cad atá sna Meastacháin, sa Vóta agus sna Fo-mhírchinn?** Is é atá sna **Meastacháin** ná próiseas bliantúil trína n-ullmhaíonn gach Roinn meastachán ar an gcistiú a bheidh ag teastáil uaithi chun a feidhmeanna a chur i gcrích sa bhliain iomchuí Buiséid. Foilsítear na meastacháin sin mar chuid den phróiseas bliantúil Buiséid i mí Dheireadh Fómhair gach bliain agus tugtar tuilleadh mionsonraí fúthu san Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe a fhoilsítear i mí na Nollag.

Iarrtar ar an Dáil ansin vótáil chun cistí a rith (a cheadú) do gach Roinn, mar atá leagtha amach san Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe. Tugtar **Vóta** ar Mheastachán tar éis don Dáil é a rith.

Miondealaítear an Vóta ansin ina **Fho-mhírchinn**, ina leagtar amach leithdháiltí mionsonraithe an chaiteachais ar fad ar chláir agus seirbhísí laistigh den Vóta. Is iad sin na ceannteidil faoina gceanglaítear ar an Roinn cuntas a thabhairt sa chaiteachas sa Chuntas Leithreasa bliantúil uaithi.

Féachann **Aonad Cuntas** an Rannáin le hoibleagáidí cuntasaíochta agus íocaíochta na Roinne a chomhlíonadh de réir na gcaighdeán is airde ó thaobh seirbhís do chustaiméirí de. Próiseálann an fhoireann na híocaíochtaí uile a dhéanann an Roinn le soláthraithe agus na híocaíochtaí deontais uile a dhéanann sí, ullmhaíonn sí na Cuntais Leithreasa bhliantúla, Cuntas an Chiste Comhshaoil agus Cuntas an Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus déanann sí idirchaidreamh le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar gach gné den Iniúchadh a dhéanann sí. Tá freagracht ar an Aonad Cuntas as beartas airgid agus fiachais na Roinne, as an gclár sócmhainní caipitil a chothabháil agus as bainistíocht a dhéanamh ar Agresso, córas bainistíochta airgeadais na Roinne.

Cinntíonn sé go gcuirtear an reachtaíocht cánach ar fad chun feidhme agus go n-íoctar gach dliteanas a eascraíonn as reachtaíocht den sórt sin ar na dátaí dlite iomchuí nó roimh na dátaí sin.

**Cad atá sa Chuntas Leithreasa?** Tar éis dheireadh gach bliana airgeadais, ceanglaítear ar gach Roinn a bhfuil Vóta aici cuntas ar leith ar a dtugtar **Cuntas Leithreasa** a ullmhú. Leagtar amach ann caiteachas agus fáltais in aghaidh an tsoláthair Meastacháin bunaidh. Is é an tArd-Rúnaí, Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne, a shíníonn an Cuntas Leithreasa. Tá an tArd-Rúnaí freagrach as a shocrú go n-ullmhófaí an Cuntas agus go gcuirfí é faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh roimh an 01 Aibreán den bhliain tar éis na bliana cuntais. Mar chuid den phróiseas sin, ceanglaítear ar an Oifigeach Cuntasaíochta Ráiteas faoi Rialuithe Inmheánacha Airgeadais a shíniú, ar Ráiteas é a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa. Ní mór a léiriú sna Cuntais go ndearnadh an t-airgead a sholáthair an Dáil a chaitheamh go cuí chun na gcríoch a bhí beartaithe ag an Dáil.

Féadfar an tOifigeach Cuntasaíochta a ghlaoch chun láithriú os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí chun fianaise a thabhairt i ndáil leis an gCuntas Leithreasa.

Tugann an t**Aonad Soláthair** tacaíocht do Rannáin d’fhonn a chinntiú gur i gcomhréir le rialacha Náisiúnta agus AE maidir le soláthar earraí agus seirbhísí a sheoltar próisis soláthair uile na Roinne.

Tá sé ríthábhachtach go gcuirfeadh baill foirne a ghabhann do phróisis soláthair eolas iomlán ar na hoibleagáidí iomchuí ina leith sin agus go gcomhlíonfadh siad iad. D’fhorbair an Roinn Bosca Uirlisí Soláthair, rud atá ar fáil do gach ball foirne ar Inlíon na Roinne. Leagtar amach ann treoirlínte foilsithe soláthair, teimpléad le haghaidh iarrataí ar thairiscintí/conarthaí, liosta de na creat-chomhaontuithe atá ar fáil do bhaill foirne na Roinne, agus doiciméid ilghnéitheacha iomchuí eile.

**Cad is iarraidh ar thairiscintí ann?** Is é is iarraidh ar thairiscintí ann ná doiciméad ina n-iarrtar ar chonraitheoirí agus soláthraithe tairiscint a chur isteach le haghaidh earraí, seirbhísí nó oibreacha a sholáthar; áirítear léi an doiciméadacht ar fad a bhaineann leis an bpróiseas tairisceana. I bhformhór na gcásanna, áirítear leis an iarraidh forbhreathnú ginearálta ar na ceanglais tairisceana, sonraíocht mhionsonraithe ar cheanglais, an fhormáid agus an struchtúr le haghaidh tairiscintí a chur isteach, an dóigh a scrúdófar tairiscintí, agus na critéir ar faoina mbun a dhéanfar meastóireacht orthu, agus roinnt coinníollacha ginearálta a bhaineann le tairiscintí a chur isteach. Ba cheart sraith coinníollacha maidir leis an gconradh a thabharfar i gcrích leis an tairgeoir rathúil a bheith san iarraidh ar thairiscintí de ghnáth.

**Cad is Creat-Chomhaontú ann?** Bunaítear Creat-Chomhaontú mar chuid de phróiseas soláthair dhá chéim. Sa chéad chéim, roghnaítear soláthraithe oiriúnacha agus bunaítear na téarmaí lena rialaítear na conarthaí atá le dámhachtain le linn tréimhse ar leith, go háirithe i ndáil le praghas agus, nuair is cuí, le cainníocht. Soláthraithe ar éirigh leo le linn na chéad chéime den phróiseas agus ar tugadh áit dóibh ar an gcreat-chomhaontú, féadfaidh siad páirt a ghlacadh sa dara céim den phróiseas.

Seoltar an dara céim de phróiseas soláthair Creat-Chomhaontaithe chun ceanglas ar leith a chomhlíonadh. Féadfar Creat-Chomhaontuithe a dhéanamh le soláthraí amháin nó le roinnt soláthraithe, áit a bhféadfar "mionchomórtais" a reáchtáil idir comhaltaí den Chreat de réir mar is gá nó a bhféadfar cliaint an Chreata earraí nó seirbhísí a tharraingt anuas de réir na rialacha atá leagtha amach sa Chreat-Chomhaontú. Ní thabharfar cuireadh chun tairiscint a chur isteach ach amháin do sholáthraithe ar éirigh leo le linn na chéad chéime den phróiseas soláthair Creat-Chomhaontaithe agus ar tugadh áit dóibh ar an gcreat.

Is achoimrithe i dtáblaí 1-3 thíos atá na tairseacha le haghaidh earraí agus seirbhísí, le haghaidh oibreacha agus le haghaidh seirbhísí a bhaineann le hoibreacha. Leagtar an tacar iomlán oibleagáidí amach sa Bhosca Uirlisí Soláthair, atá ar fáil do bhaill foirne ar inlíon na Roinne, agus ba cheart breathnú air i ngach cás ina bhfuiltear ag gabháil do phróiseas soláthair.

*Tábla 1: Tairseacha soláthair le haghaidh earraí agus seirbhísí*

| **Luach (Gan CBL a Áireamh)** | **Nós Imeachta Iomaíoch** |
|---|---|
| <€5,000 | Faightear luachaintí i scríbhinn/ó bhéal[1] (moltar trí cinn a fháil, ach ní mór ceann amháin ar a laghad a fháil).<br>Ní mór taifead i scríbhinn a choinneáil ar an gcomhad soláthair. |
| ≥€5,000 agus <€50,000 | 1. Faightear luachaintí i scríbhinn (trí cinn ar a laghad).<br>2. Lorgaítear freagraí ar luachaintí (trí cinn ar a laghad) tríd an tsaoráid leictreonach iarrata ar luachaintí ar eTenders, nó<br>3. Féadfar an tairiscint a fhógairt ar eTenders mar chuid de phróiseas tairisceana níos foirmiúla<br>Tabhair faoi deara: Tar éis an conradh a dhámhachtain, ní mór faisnéis faoin gconradh a fhoilsiú ar eTenders do gach conradh ar mó a luach ná €25,000 |
| ≥€50,000 agus <€140,000 | Fógraítear tairiscint náisiúnta ar eTenders trí iarraidh ar thairiscintí |
| ≥€140,000 | Fógraítear tairiscint AE ar eTenders agus in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh trí iarraidh ar thairiscintí |

*Tábla 2: Tairseacha soláthair le haghaidh oibreacha*

| **Luach (Gan CBL a Áireamh)** | **Nós Imeachta Iomaíoch** |
|---|---|
| <€200,000 | Faightear luachaintí i scríbhinn (cúig cinn ar a laghad) nó fógraítear an tairiscint ar eTenders |

| | |
|---|---|
| ≥€200,000 agus <€5.382m | Fógraítear tairiscint náisiúnta ar eTenders |
| ≥€5.382m | Fógraítear tairiscint AE ar eTenders agus in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh |

*Tábla 3: Tairseacha soláthair le haghaidh seirbhísí a bhaineann le hoibreacha*

| **Luach (Gan CBL a Áireamh)** | **Nós Imeachta Iomaíoch** |
|---|---|
| <€50,000 | Luachaintí i scríbhinn (cúig cinn ar a laghad) |
| ≥€50,000 agus <€140,000 | Fógraítear tairiscint náisiúnta ar eTenders |
| ≥€140,000 | Fógraítear tairiscint AE ar eTenders agus in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh |

Ina theannta sin, tugann an tAonad cúnamh do Rannáin iarrataí ar thairiscintí a ullmhú agus cinntíonn sé go gcloíonn siad leis an bpróiseas soláthair is iomchuí maidir le luach an chonartha. Bainistíonn an tAonad cuntas na Roinne ar an suíomh Gréasáin eTenders agus déanann sé idirchaidreamh leis an Oifig um Sholáthar Rialtais, de réir mar is gá, freisin.

**Cad atá san Oifig um Sholáthar Rialtais?** Tá freagracht ar an Oifig um Sholáthar Rialtais as an gcreat beartais uileghabhálach a fhorbairt agus a leagan amach le haghaidh soláthar poiblí in Éirinn. Rialaítear an beartas le reachtaíocht náisiúnta agus reachtaíocht AE agus le rialacha agus treoirlínte náisiúnta, lena n-áirítear an Creat Beartais Náisiúnta um Sholáthar Poiblí. Bainistíonn an Oifig um Sholáthar Rialtais an suíomh Gréasáin eTenders freisin, rud arb é an tsaoráid lárnach trínar féidir le gach údarás conarthach san earnáil phoiblí deiseanna soláthair agus fógraí dámhachtana a fhógairt é.

Déanann an t-aonad clár a shannadh, a dháileadh agus a chothabháil i ndáil le cóid chonartha agus deontais. Déanann sé Clár 40/02 a chothabháil freisin, mar aon le

formhaoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a mbainistítear próisis soláthair neamhiomaíocha faoi Chiorclán 40/02.

**Cad is 40/02 ann?** Ní mór gach conradh soláthair a dhámhachtain go hiomaíoch. Tá eisceachtaí teoranta ann ón riail sin agus, sna himthosca sin, ní mór Ciorclán 40/02 (Treoirlínte Soláthair Phoiblí) a leanúint agus ní mór Cás Gnó 40/02 a cheadú. Ní nós imeachta soláthair é Ciorclán 40/02; is modh é chun conarthaí a thuairisciú a dámhadh ar bhealach atá contrártha do nósanna imeachta soláthair.

## 5.3 Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Táirgtear Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais gach bliain i gcomhar le Cuntas Leithreasa na Roinne. Tá sé faoi réir athbhreithniú neamhspleách iniúchóireachta.

**Cad is Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais ann?** Is é is Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais ann ná ráiteas a shíníonn an tArd-Rúnaí, mar Oifigeach Cuntasaíochta, agus ina n-aithnítear an fhreagracht as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú. Aithníonn an tArd-Rúnaí gur próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus go gcoinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach. Mar chuid den phróiseas, tá Coiste Iniúchóireachta agus feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí i bhfeidhm. Sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais, deimhníonn an tArd-Rúnaí an staid i dtaca leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, leis an gcreat um nósanna imeachta riaracháin, le tuairisciú bainistíochta agus le hiniúchóireacht inmheánach.

I dtús gach bliana féilire, eisíonn an Rannán Airgeadais ceistneoir mionsonraithe maidir leis an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais chuig gach Ceann Feidhme chun deimhniú a lorg á rá go bhfuiltear ag cloí leis na beartais agus na nósanna imeachta riachtanacha a mhéid is mó is féidir san Aonad Gnó as a bhfuil siad freagrach.

## 5.4 Ról Choiste Iniúchóireachta na Roinne

Tugann Coiste Iniúchóireachta na Roinne comhairle neamhspleách oibiachtúil don Ard-Rúnaí, mar Oifigeach Cuntasaíochta, maidir lena oiriúnaí agus lena láidre atá córais rialaithe inmheánaigh na Roinne. Déanann sé breithniú ar a leordhóthanaí atá an creat riosca agus rialaithe laistigh den Roinn freisin, agus aird á tabhairt ar na cuspóirí agus na tosaíochtaí atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise na Roinne.

Gníomhaíonn an Coiste i gcáil chomhairleach amháin agus níl aon fheidhmeanna feidhmiúcháin aige. Oibríonn sé faoi chairt chomhaontaithe a athbhreithnítear gach bliain agus a síníonn an tArd-Rúnaí agus Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta í. Leagtar amach sa chairt cuspóir, údarás agus freagrachtaí an Choiste.

Ceapann an tArd-Rúnaí an Coiste agus cuimsíonn sé Cathaoirleach seachtrach agus cúigear gnáthchomhaltaí (ar comhaltaí seachtracha atá i dtriúr díobh). Ceaptar comhaltaí chuig an gCoiste bunaithe ar an taithí agus an saineolas atá acu chun cur ar chumas an Choiste a chuid oibre a chur i gcrích ar bhealach réamhghníomhach eolach. Is gnách go maireann ceapacháin chuig an gCoiste trí bliana, agus rogha ann an tréimhse sin a fhadú go ceann trí bliana eile ar a mhéad.

## 5.5 Ról an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí

Is é ról an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí measúnú oibiachtúil neamhspleách a sholáthar ar a éifeachtaí atá córais rialuithe inmheánacha na Roinne agus dearbhú a thabhairt don Ard-Rúnaí maidir lena leordhóthanaí atá na rialuithe inmheánacha sin agus an dóigh a gcoimircítear sócmhainní agus a gcomhlíontar beartais.

Cabhraíonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí leis an Roinn a cuspóirí a chomhlíonadh trí chur chuige atá córasach agus eagraithe a ghlacadh i leith meastóireacht agus feabhsú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá próisis bhainistíochta riosca, rialaithe agus rialachais. Tugann sé an cúnamh sin trí anailísí, breithmheasanna, moltaí, comhairle agus faisnéis a sholáthar maidir leis na gníomhaíochtaí a athbhreithnítear le linn iniúchtaí agus trí rialú éifeachtach a chur chun cinn ar chostas réasúnach. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go dtugann an Roinn aghaidh ar na moltaí a eascraíonn as tuarascálacha iniúchóireachta.

Oibríonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí de réir na Cairte Iniúchóireachta Inmheánaí, rud a gceadaíonn an tArd-Rúnaí agus an Coiste Iniúchóireachta é. Tá cóip den Chairt sin ar fáil do bhaill foirne ar inlíon na Roinne. Leagtar amach sa Chairt ról, údarás, raon feidhme, freagrachtaí agus caidrimh thuairiscithe an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí sa Roinn agus i ndáil le comhlachtaí agus eagraíochtaí atá faoi choimirce na Roinne. Tuairiscíonn an Ceann Iniúchóireachta Inmheánaí go díreach don Ard-Rúnaí.

Mar achoimre:

- tugann an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí faoina chlár oibre faoi mhaoirseacht agus faoi threoir ghinearálta ag an gCoiste Iniúchóireachta.
- tá an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí údaraithe chun clár cuimsitheach iniúchtaí a chur i gcrích i ngach réimse den Roinn.
- cuireann an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí plean bliantúil iniúchtaí faoi bhráid an Ard-Rúnaí agus an Bhoird Bainistíochta lena bhreithniú acu sula gceadaíonn an Coiste Iniúchóireachta é.

Beag beann ar ról an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí, is ar bhainisteoirí líne atá an fhreagracht ar fad as bainistíocht riosca agus rialú inmheánach, lena n-áirítear calaois a chosc agus a bhrath. Is ar bhainisteoirí líne freisin atá an fhreagracht as meastóireacht a dhéanamh ar mholtaí agus ar thuarascálacha iniúchóireachta agus as tús a chur le haon athruithe a mheastar a bheith cuí chun feabhas a chur ar rialuithe inmheánacha.

Tá straitéis cumarsáide, ina leagtar amach cén dóigh a gcuirtear iniúchadh i gcrích de ghnáth, ar fáil do bhaill foirne ar inlíon na Roinne.

## 5.6 Iniúchóireacht Sheachtrach – An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntais na Roinne – an Cuntas Leithreasa – gach bliain.

Tá na príomhfhorálacha reachtacha lena rialaítear cumhachtaí agus dualgais an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste leagtha amach in Acht an Ard-Scrúdóra, 1923, agus in Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Tugann an tArd-Reachtaire Cuntas

agus Ciste dearbhú neamhspleách go n-úsáidtear cistí agus acmhainní poiblí de réir an dlí, go mbainistítear go maith iad agus go dtugtar cuntas cuí iontu. Foilsíonn sé tuarascálacha freisin ar nithe tábhachtacha a roghnaítear dá rogha féin i ndáil le luach ar airgead agus i ndáil leis an dóigh a riartar cistí poiblí.

Tar éis an t-iniúchadh a dhéanamh, ceanglaíonn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste deimhniú le gach cuntas, ar deimhniú é ina luaitear cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, ina thuairim féin, a thugtar léargas ceart ar na fáltais agus ar an gcaiteachas a bhaineann leis an Vóta lena mbaineann agus ina dtagraítear d'aon chás ábhartha:

- inar mhainnigh roinn nó oifig caiteachas atá taifeadta sa chuntas a úsáid chun na gcríoch ar chucu a thug an tOireachtas na leithreasaí, nó
- nach gcloíonn idirbhearta atá taifeadta sa chuntas leis an údarás faoina n-airbheartaítear go ndearnadh iad iontu.

Tarraingíonn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste aird freisin ar aon chás ábhartha ina bhfuil an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a d'ullmhaigh an tArd-Rúnaí, mar Oifigeach Cuntasaíochta, míthreorach nó neamh-chomhsheasmhach le faisnéis eile a bhfuil an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste eolach uirthi bunaithe ar an iniúchadh ar na cuntais leithreasa.

Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh bliantúil freisin ar chuntais an Chiste Comhshaoil agus an Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, ar Cistí nach Cistí Státchiste atá á mbainistiú ag an Roinn iad araon.

Foilsítear tuarascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste anseo.

**Cad is ciste nach ciste Státchiste ann?** Is é seo ciste nach dtagann a airgead ón Oireachtas mar chuid den phróiseas meastachán bliantúil. Mar shampla, is ón tobhach ar mhálaí plaisteacha a dhíorthaítear na cistí don Chiste Comhshaoil agus is ó raon foinsí difriúla, lena n-áirítear tobhach ar tháirgí peitriliam agus cúiteamh carbóin ó aerthaisteal ag oifigigh, a dhíorthaítear na cistí don Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide.

## 5.7 An Coiste um Chuntais Phoiblí

Tá an Coiste um Chuntais Phoiblí freagrach as scrúdú a dhéanamh ar chuntais bhliantúla na ranna rialtais agus as tuairisc a thabhairt do Dháil Éireann orthu tar éis don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad a iniúchadh. Mar Oifigeach Cuntasaíochta, tá an tArd-Rúnaí cuntasach do Dháil Éireann sa dóigh a ndéanann sí maoirseacht ar na cistí a leithdháiltear ar an Roinn faoi Vóta 29 agus ceanglaítear air fianaise a thabhairt don Choiste um Chuntais Phoiblí ar an dóigh ar chomhlíon sí a freagracht as maoirseacht a dhéanamh ar na cistí.

Buanchoiste de chuid na Dála is ea an Coiste um Chuntais Phoiblí, agus imríonn sé ról tábhachtach maidir le cuntasacht agus trédhearcacht a chinntiú i ndáil leis an dóigh a ndéanann ranna rialtais a n-airgead a leithdháileadh, a chaitheamh agus a bhainistiú. Féachann an Coiste um Chuntais Phoiblí lena chinntiú go bhfaigheann cáiníocóirí luach ar airgead as gach euro a chaitheann an Státchiste.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin gCoiste um Chuntais Phoiblí, féach an nasc seo a leanas chuig suíomh Gréasáin an Choiste: An Coiste um Chuntais Phoiblí | Ról – Tithe an Oireachtais

## 5.8 Bainistíocht Riosca

Tá Córas Bainistíochta Riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn chun sainaithint, bainistíocht agus tuairisciú a dhéanamh ar rioscaí d’oibríochtaí na Roinne ar leibhéal foriomlán agus ar leibhéal rannáin. Is é atá i gceist leis an gcóras sin Clár Rioscaí Corparáideacha, Cláir Rioscaí Rannáin agus cláir rioscaí do phríomhthionscadail a chothabháil. Díríonn an Bord Bainistíochta go leanúnach ar bhainistíocht riosca, agus tá nithe riosca ina mbuanmhír ar chlár oibre a chuid cruinnithe. Rud sonrach, áirítear leis sin formhaoirseacht a dhéanamh ar phríomhrioscaí gnó trí athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar an gClár Rioscaí Corparáideacha agus trí athbhreithniú níos tráthrialta a dhéanamh ar na cúig phríomhriosca ar an gclár, agus díriú á leagan ar chur chun feidhme agus éifeachtacht gníomhartha maolaitheacha agus ar an dóchúlacht go dtiocfadh rioscaí chun cinn agus ar an tionchar a bheadh acu.

### Beartas Bainistíochta Riosca

Tá Beartas Bainistíochta Riosca i bhfeidhm ag an Roinn, rud a bhfuil feidhm aige maidir leis na baill foirne go léir. Cé gur ar an Ard-Rúnaí atá an fhreagracht deiridh as bainistíocht riosca laistigh den Roinn, tá ról le himirt ag gach ball foirne maidir le rioscaí a shainaithint ina

réimse freagrachta féin agus maidir le freagairt do na rioscaí sin agus aghaidh a thabhairt orthu. Leagtar amach sa Bheartas Bainistíochta Riosca, lena n-áirítear Ráiteas faoi Fhonn Riosca, na príomhghnéithe de chreat foriomlán bainistíochta riosca na Roinne agus dá cuid ról, freagrachtaí, uirlisí, struchtúr agus próiseas ina leith sin.

### Coiste Riosca

Tá Coiste Riosca ag an Roinn, rud atá faoi chathaoirleacht ag Rúnaí Cúnta agus a n-ainmníonn an tArd-Rúnaí a chuid comhaltaí.

Tá an Coiste freagrach as comhairle a thabhairt don Bhord Bainistíochta maidir leis an straitéis bainistíochta riosca agus maidir le beartais chuí, nósanna imeachta cuí agus córais chuí a fhorbairt. Déanann an Coiste formhaoirseacht ar ullmhú Chlár Rioscaí Corparáideacha na Roinne lena cheadú ag an mBord Bainistíochta agus ar an athbhreithniú ráithiúil a dhéantar ar an gClár ina dhiaidh sin.

### Clár Rioscaí Corparáideacha

Déantar Clár Rioscaí Corparáideacha a chothabháil, rud ina leagtar amach na príomhrioscaí agus na rioscaí trasnaí a d’fhéadfadh an Roinn a chur i mbaol, nó damáiste a dhéanamh di, ar leibhéal straitéiseach, agus na maoluithe agus na rialuithe gaolmhara. Is iad na Rúnaithe Cúnta a chinneann rioscaí corparáideacha den sórt sin agus a ghlacann freagracht astu, ar rioscaí iad a bhíonn bunaithe ar na rioscaí a shainaithnítear i bPleananna Gnó Rannáin. Déantar na rioscaí sin a mheas agus a rangú bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta formhaoirseacht ar na príomhrioscaí gnó a shainaithnítear sa Chlár Rioscaí Corparáideacha, faigheann sé tuairiscí ar an athbhreithniú ráithiúil a dhéantar ar an gClár sin agus ar oibriú agus éifeachtacht an chórais fhoriomláin bainistíochta riosca, agus déanann sé gníomh, de réir mar is gá.

### Creat Soláthair Straitéisigh – Rioscaí a Shainaithint

Agus na príomhghníomhartha straitéiseacha (tosaíochtaí gnó) á sainaithint aige faoi Chreat Soláthair Straitéisigh na Roinne, breithníonn an Bord Bainistíochta Clár Rioscaí Corparáideacha na Roinne agus cinntíonn sé go gcuirtear na príomhrioscaí a leagtar amach sa chlár sin san áireamh sna príomhghníomhartha straitéiseacha.   I gcás nach bhfuil na

príomhrioscaí nasctha leis na gníomhartha, cinntítear go ndéantar iad a struchtúrú agus a acmhainniú go cuí chun na maoluithe sainaitheanta a chur chun feidhme.

Faigheann an Bord Bainistíochta an t-eolas is deireanaí go tráthrialta ar na príomhghníomhartha straitéiseacha. Gné lárnach den eolas sin is ea sainaithint a dhéanamh ar na rioscaí atá ann maidir leis na tosaíochtaí sin a ghnóthú sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma agus ar na tacaíochtaí a theastaíonn chun na rioscaí sin a mhaolú. Comhlánaíonn sé sin na tuairiscí tráthrialta a fhaightear ón gcoiste riosca agus an t-athbhreithniú a dhéantar ar an gClár Rioscaí Corparáideacha, ar nithe iad ina dtugtar forbhreathnú cuimsitheach ar an dóigh a mbainistítear rioscaí ar fud na Roinne.

### Cláir Rioscaí Rannáin

Tá Cinn Feidhme freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar na rioscaí rannáin a shainaithnítear le linn an phróisis bhliantúil Pleanála Gnó.

### Cláir Rioscaí Tionscadail

Déantar cláir rioscaí ar leith a chothabháil do phríomhthionscadail laistigh den Roinn, áit a ndéanann an Rannán iomchuí faireachán leanúnach ar na rioscaí a bhaineann leis na tionscadail sin.

### Measúnú Náisiúnta Riosca

Rannchuidíonn an Roinn le próiseas Mheasúnú Náisiúnta Riosca an Rialtais freisin. Tá sé mar aidhm leis an measúnú sin forbhreathnú córasach a thabhairt ar na rioscaí straitéiseacha atá roimh an tír chun bonn a thabhairt don díospóireacht pholaitiúil agus phoiblí ar na himpleachtaí a bheadh acu. Sa mheasúnú sin, a sheoltar gach bliain, scrúdaítear na rioscaí straitéiseacha, eacnamaíocha, geopholaitiúla, sochaíocha, comhshaoil agus teicneolaíocha atá roimh Éirinn.

## 5.9 Luach ar Airgead

### An Cód Caiteachais Phoiblí

Tá rún daingean ag an Roinn cistí poiblí a úsáid go cúramach agus a chinntiú go bhfaightear an luach is fearr is féidir ar airgead nuair a bhíonn airgead poiblí á chaitheamh nó á infheistiú. Is é atá sa Chód Caiteachais Phoiblí an tacar rialacha agus nósanna imeachta lena gcinntítear go seastar leis na caighdeáin sin ar fud na Roinne agus ar fud sheirbhís phoiblí na hÉireann. Tá gach rannán freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar an cód.

Soláthraíonn an tAonad Eacnamaíoch agus Meastóireachta laistigh den Roinn saineolas agus tacaíocht do chomhghleacaithe ina leith sin. Ceanglaíonn an Roinn go n-ullmhófaí cás gnó do gach togra airgeadais, ar cás gnó é a mheasúnaítear faoinár bpróiseas Measúnaithe Straitéisigh agus Theicniúil atá leagtha amach thíos. Tá faisnéis faoin bpróiseas sin ar fáil do gach ball foirne ar ár nIntlíon.

### Tuarascáil Measúnaithe Straitéisigh agus Theicniúil

Tá dianchóras measúnaithe i bhfeidhm ag an Roinn do gach togra airgeadais chun ailíniú straitéiseach a chinntiú le tosaíochtaí na Roinne agus an Rialtais agus chun comhlíonadh an Chóid Caiteachais Phoiblí a chinntiú. Sainaithnítear na himpleachtaí ó thaobh acmhainní daonna, ISD, cumarsáide, Státchabhrach, dlí agus pleanála de agus an córas beartaithe soláthair mar chuid den chóras measúnaithe freisin. Ní mór Tuarascáil Measúnaithe Straitéisigh agus Theicniúil a bheith ag gabháil le gach togra cistiúcháin, ar tuarascáil í a shíníonn na Cinn Feidhme iomchuí ar fud na réimsí measúnaithe dá dtagraítear thuas. Tugtar leis an gcóras sin dearbhú do cheadaitheoirí deiridh gur breithníodh gach ní iomchuí agus/nó gur comhlíonadh iad le linn an togra a fhorbairt.

### Athbhreithnithe Caiteachais

Mar chuid dá tiomantas d’fheabhsú leanúnach, tugann an Roinn faoi roinnt athbhreithnithe caiteachais i bpríomhréimsí caiteachais na Roinne i gcomhar le hAonad Sheirbhís Eacnamaíoch agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann sa Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Tá sé mar aidhm leis na hathbhreithnithe sin ceapadh beartais fianaisebhunaithe a chur ar aghaidh sa Státseirbhís. Tugtar iontu léargais úsáideacha ar oibriú an réimse caiteachais freisin, mar aon le haird a tharraingt ar réimsí lena bhfeabhsú.

Tá tuilleadh faisnéise faoin bpróiseas Athbhreithnithe Caiteachais agus cóipeanna de na hathbhreithnithe a rinneadh ar fáil ag gov.ie - An tAthbhreithniú Caiteachais (www.gov.ie).

# Caibidil 6: Caidreamh Seachtrach

| **Prionsabal Rialachais**<br><br>**Cinntíonn dea-rialachas oscailteacht, próisis éifeachtacha chomhairliúcháin phoiblí agus caidreamh cuimsitheach le geallsealbhóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta.** |
|---|

## 6.1 Straitéis um Chaidreamh le Geallsealbhóirí Seachtracha

Tá sainchúram an-leathan ar an Roinn agus, mar thoradh air sin, tá raon éagsúil geallsealbhóirí seachtracha aici i measc Ranna Rialtais, ár gcuid gníomhaireachtaí agus cuideachtaí stáit, agus daoine den phobal. Ina theannta sin, tá oibleagáidí reachtúla ar an Roinn caidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí faoi Choinbhinsiún Aarhus agus faoi reachtaíocht an Aontais Eorpaigh.

Tá ríthábhacht ag baint le caidreamh éifeachtach a dhéanamh le geallsealbhóirí seachtracha chun gur féidir leis an Roinn leanúint le beartas a fhorbairt agus beartas réitithe a sholáthar go rathúil. Tá foireann uirlisí um chaidreamh le geallsealbhóirí i bhfeidhm ag an Roinn chun a chinntiú go nglactar cur chuige comhsheasmhach inrochtana i leith caidreamh den sórt sin. Tá an fhoireann uirlisí sin ar fáil do bhaill foirne ar ár nInlíon.

## 6.2 Ár Suíomh Gréasáin agus ár nInlíon

Tá sé mar aidhm lenár suíomh Gréasáin ag http://www.gov.ie/decc/ faisnéis atá cothrom le dáta a sholáthar don phobal ar bhealach soiléir, beacht agus inrochtana atá ag teacht leis na treoirlínte dea-chleachtais. Tá faisnéis do bhaill foirne ar fáil ar ár n-inlíon foirne. Tá an Rannán um Chumarsáid agus Caidreamh leis na Meáin laistigh den Roinn freagrach as bainistíocht fhoriomlán shuíomh Gréasáin agus inlíon na Roinne.

## 6.3 Treoirlínte Brandála

Tá próisis agus treoirlínte féiniúlachta branda i bhfeidhm ag ár Roinn chun ár gcumarsáidí inmheánacha agus ár gcumarsáidí seachtracha araon a shimpliú. Trí fhéiniúlacht aontaithe Rialtais a bheith ann, cuíchóirítear cumarsáidí an Rialtais agus cinntítear comhsheasmhacht mhéadaithe sa dóigh a ndéanaimid caidreamh le saoránaigh. Tá ár dtreoirlínte brandála seachtraí ailínithe le brandáil Rialtas na hÉireann agus cuirtear iad i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud ábhar cumarsáide, lena n-áirítear feachtais fógraíochta, ábhar cur chun cinn, meirgí, preabmheirgí agus foilseacháin.

I gcás brandáil inmheánach, úsáidimid an bhrandáil shonrach a forbraíodh do Ag Obair le Chéile, an straitéis atá i bhfeidhm ag ár Roinn chun ár ndaoine, ár gcultúr agus ár n-eagraíocht a fhorbairt.

## 6.4 Seirbhís do Chustaiméirí

Tá ár Roinn tiomanta do na caighdeáin is airde ó thaobh seirbhíse ardchaighdeáin do chustaiméirí de a sholáthar trínár suíomh Gréasáin, trínár líne chabhrach seirbhíse do chustaiméirí agus trínár línte teileafóin. Chuireamar Cairt um Sheirbhís do Chustaiméirí i bhfeidhm chun sinn a threorú agus an tiomantas sin á chomhlíonadh againn.

Tugtar inti ráiteas glan soiléir dár gcustaiméirí ar an leibhéal seirbhíse a gheobhaidh siad. Tugtar inti freisin creat lena gcumasaítear dúinn, mar sheirbhísigh phoiblí, cáilíocht na seirbhísí a sholáthraítear a thomhas agus a fheabhsú agus tuairisc a thabhairt air sin ar bhealach trédhearcach.

Mionsonraí Teagmhála:
Teileafón: +353 1 678 2444
Ríomhphost: customer.service@decc.gov.ie

**Seoladh:**
An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
29-31 Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath, D02 X285

# Caibidil 7: Comhlachtaí atá faoi Choimirce na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

## 7.1 Creat Rialachais Chorparáidigh do chomhlachtaí atá faoi shainchúram na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

Féachann na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne seo a dtiomantas do chleachtais thrédhearcacha agus oscailte a léiriú trí chloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

## 7.2 Rialachas Seachtrach agus Formhaoirseacht ar Chomhlachtaí atá faoi Choimirce na Roinne

Soláthraíonn an Rannán Rialachais Chorparáidigh laistigh den Roinn cur chuige comhtháite i leith na 14 chomhlacht stáit atá ag an Roinn, a oibríonn i réimsí amhail fuinneamh, cumarsáid, an comhshaol agus acmhainní nádúrtha, agus trí rialálaí a rialú. Tá mionsonraí leagtha amach in Aguisín 1.

Tá freagrachtaí rialachais leagtha amach i reachtanna, cóid, píosaí treorach agus nósanna imeachta éagsúla amhail an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis, agus Plean Athnuachana na Státseirbhíse. Leis an gCód Cleachtais, cuireadh ar chumas na Roinne an córas rialachais chorparáidigh a bhaineann leis na Comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne a neartú tuilleadh.

Tá Comhaontuithe Formhaoirseachta agus Comhaontuithe Soláthar Feidhmíochta i bhfeidhm do na comhlachtaí neamhthráchtála sa Roinn.

Oibríonn na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne de réir creat reachtúil, ina leagtar amach a róil, a bhfeidhmeanna agus a gcreataí cuntasachta.  Is é atá sa timpeallacht fhoriomlán rialachais chorparáidigh ná an reachtaíocht iomchuí, mar aon leis na treoirlínte

rialachais chorparáidigh agus na creataí margaidh AE a bhfuil feidhm acu maidir leis na rialálaithe earnála.

Tugann an tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (NewERA) comhairle don Roinn ar na gnéithe tráchtála agus airgeadais a thagann chun cinn i ndáil leis an dóigh a rialaíonn sí na ceithre chomhlacht tráchtála leathstáit atá aici, lena n-áirítear i ndáil le litreacha ionchais chuig geallsealbhóirí.

Oibríonn an Roinn de réir na dTreoirlínte maidir le Ceapacháin chuig Boird Stáit agus oibríonn sí go dlúth leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun a chinntiú go seoltar feachtais chuí chun gach folúntas iomchuí ar na Boird Stáit atá faoina coimirce a líonadh.

# Aguisín 1: Comhlachtaí Stáit atá faoi choimirce na Roinne seo

| Comhlachtaí Tráchtála | | | |
|---|---|---|---|
| **Comhlacht** | **Duine Cuntasach (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Ard-Stiúrthóir, etc.)** | **Ceann Feidhme sa Roinn** | **Príomhfheidhm Aireachta agus Roinne/Reachtaíocht rialaithe** |
| An Post | David McRedmond, Príomhoifigeach | Jenny O'Hora | An tAcht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983, agus an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011 |
| Bord na Móna | Thomas Donnellan Stiúrthóir Bainistíochta | Jenny O'Hora | An tAcht Forbartha Móna, 1998 (Uimh. 26 de 1998) |
| EirGrid | Mark Foley, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin | Jenny O'Hora | Rialachán 50 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Margadh Inmheánach sa Leictreachas), 2000 (I.R. Uimh. 445 de 2000) |
| Bord Soláthair an Leictreachais (BSL) | Paddy Hayes, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin | Jenny O'Hora | Acht Bhord Soláthair an Leictreachais, 1927<br>Tá an tsraith beart reachtach lena rialaítear BSL ar fáil ag: http://www.irishstatutebook.ie/pdf/2001/en.act.2001.0009.pdf |

| Comhlachtaí Neamhthráchtála | | | |
|---|---|---|---|
| **Comhlacht** | **Duine Cuntasach (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Ard-Stiúrthóir, etc.)** | **Ceann Feidhme sa Roinn** | **Príomhfheidhm Aireachta agus Roinne/Reachtaíocht rialaithe** |
| Iascach Intíre Éireann | Francis O'Donnell, Príomhoifigeach | Denis Maher | An tAcht um Iascach Intíre, 2010 (Uimh. 10 de 2010) |
| An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach | Fiach Mac Conghail, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin | Ben King | An tAcht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, 2003 (Uimh. 23 de 2003) |
| Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann | Sharon McMahon, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin | Denis Maher | Comhaontú na Breataine-na hÉireann (Uimh. 1 de 1999) |
| An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta | An Dr Frank Bergin, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin | John Burke | An tAcht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta, 2007 (Uimh. 7 de 2007) |
| Corparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann | Gan aon Bhaill Foirne | John Burke | Airteagal 83 d'Airteagail Chomhlachais Chorparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann |
| An Bord Mianadóireachta | Gan aon Bhaill Foirne | Louise Carrigan | Bunaíodh an Bord Mianadóireachta faoi alt 33.1 den Acht Forbairte Mianraí, 1940 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) | William Walsh | Robert Deegan | An tAcht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 (Uimh. 2 de 2002) |

| Rialálaithe | | | |
|---|---|---|---|
| **Comhlacht** | **Duine Cuntasach (Príomhoifigeach** | **Ceann Feidhme sa Roinn** | **Príomhfheidhm Aireachta agus Roinne/Reachtaíocht rialaithe** |
| An Coimisiún um Rialáil Fóntais | Cathaoirleach – Aoife MacEvilly | Jenny O'Hora | An tAcht um Rialáil Leictreachais, 1999 (Uimh. 23 de 1999) |
| An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) | Cathaoirleach – Garrett Blaney | Jenny O'Hora | An tAcht um Rialáil Cumarsáide, 2002 (Uimh. 20 de 2002) |
| An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | Ard-Stiúrthóir – Laura Burke | Eoin Deegan | An tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 |